STRAITÉIS

AR TOSACH LE CUR CHUIGE
COMHTHÁITE CHUN TOIRCHIS
GHÉARCHÉIME A LAGHDÚ

2007-2011

crisispregnancyagency
Formulating & Implementing a National Strategy

Clár

Réamhrá ón Aire Sláinte agus Leanaí 3

Intreoir le Cathaoirleach agus Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Thoircis Ghéarchéime 4

Achoimre Fheidmitheach 5

Cúlra don Straitéis 9

An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarcheime 10

- Fís 10
- Misean 10
- Prionsabail oibre 11
- An comhthéasc don Straitéis nua 12
- Athruithe ag a mbeidh tionachar ar an Straitéis 20

An Straitéis 23

Cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha 24

Seacht dtosaíocht straitéiseacha 25

- Eolas ar chaidrimh agus ar chollaíocht d'ógánaigh 25
- Frithghiniúint 26
- Cumarsáide 27
- Seirbhísí toirchis ghéarcheime 28
- Leanúint le toircheas 30
- Taighde 31
- Tionchar polasaí 32

Ag cur na Straitéise i bhFeidhm 34

Buiséad 38

Aguisíní 39

Bunaíodh An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime i nDeireadh Fómhair 2001 faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961, agus tá sé rialaithe ag Ionstraim Reachtúil Uimh 446 2001.

Is é an cuspóir atá ag an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime fócas straitéiseach a dhíriú ar cheist na dtoircheas géarchéime chun cur le fiúntacht na hoibre atá ar siúl ag na soláthróirí seirbhísí atá ann cheana féin.

Is í príomhfheidhm na Gníomhaireachta, mar a leagtar síos san Ionstraim Reachtúil, straitéis a ullmhú agus a chur i ngníomh chun aghaidh a thabhairt ar cheist na dtoircheas géarchéime, i gcomhairle leis na Ranna Stáit iomchuí agus le cibé daoine eile a mheastar a bheith cuí.

Tá trí mhandáid ag an Ghníomhaireacht, atá leagtha amach san Ionstraim Reachtúil:

Mandáid A: Líon na dtoircheas géarchéime a ísliú trí oideachas, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a sholáthar;

Mandáid B: líon na mban a théann trí thoircheas géarchéime agus a roghnaíonn ginmhilleadh a laghdú trí sheirbhísí agus tacaí a thairiscint dóibh a mheallfaidh iad chun roghanna eile a déanamh;

Mandáid C: seirbhísí comhairliúcháin, seirbhísí leighis agus seirbhísí sláinte eile a sholáthar chun tacaíocht a chur ar fáil tar éis toircheas géarchéime de réir mar a mheasann an Ghníomhaireacht a bheith cuí.

Réamhrá ón Aire Sláinte agus Leanaí

Tá áthas an domhain orm fáilte a chur roimh an dara Straitéis de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime.

Gabhaim buíochas le Bord na Gníomhaireachta agus go háirithe lena cathaoirleach, Ms Katharine Bulbulia, le Stuirthóir na Gníomhaireachta, Ms Caroline Spillane, agus leis an fhoireann as forbairt tráthúil an phlean chuimsithigh seo. Cuirim mo bhuíochas in iúl fosta don Choiste Comhairliúcháin agus do na grúpaí leasmhara, do na heagraíochtaí agus do na daoine a chuir lena fhorbairt.

Agus í ag dul chun tosaigh le cur i bhfeidhm a céadstraitéise, is léir gur gníomhaireacht rathúil éifeachtach chun tosaigh í an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime agus molaim í as an dul chun cinn suntasach atá déanta aice go dtí seo. Chuir obair na Gníomhaireachta, i gcomhpháirtíocht le cuid mhór eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla, feabhas thar a bheith eifeachtach chun tarlú toirchis ghéarchéime a laghdú agus chun cinntú go dtugtar freagracht do na mná a théann trí thoircheas géarchéime i ndóigh atá comhbhách tacúil.

Molaim go hard An Ghníomhaireacht fosta as a gcuid clár nualach éifeachtach cumarsáide agus ar a rath chun corp luachmhaire taighde a bhí de dhíth go mór a bhailiú in Éirinn. Chuir an taighde seo go mór leis an Straitéis nua seo a chruthú agus cuideoidh sé leis an Ghníomhaireacht le cinntiú go mbeidh a gcuid oibre mar bhonn agus mar thaca maidir le fianaise ar shláinte gnéis agus ar Thoirchis Ghéarchéime in Éirinn.

Cuireann an Straitéis nua seo ar thathaí a fuair an Ghníomhaireacht le linn an chéad Straitéis a chur i bhfeidhm. Glacann sé nádúr shochaí na hÉireann atá ag athrú, forbairtí leanúnacha i réimse sláinte gnéis agus atáirgthe san áireamh chomh maith le athruithe sa dóigh a mbíonn daoine i mbun cumarsáide lena chéile agus a bhfaigheann eolas. Treoróidh sé lucht déanta polasaí agus soláthreoirí seirbhísí a bhaineann leis chun sláinte gnéis dearfach a chur chun cinn agus chun toirchis ghéarchéime a chosc agus a bhainistiú thar na chéad ceithre nó cúig bliana eile.

Is iad cuspóirí na Gníomhaireachta líon na dtoircheas géarchéime a laghdú, líon na mban a roghnaíonn ginmhilleadh mar thoradh toirchis ghéarchéime a laghdú agus meabhairshláinte agus folláine coirp ban a chosaint i ndiaidh deireadh a chur le toircheas. Leagann sé seacht dtosaíocht straitéiseacha amach chun cuidiú leis na cuspóirí seo a sheachadadh, le tionscadail le haghaidh athruithe faoi gach ceann de na ceannteidil seo.

Beidh cuir chuige idirearnála ildisciplíneach de dhíth chun an plean seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá mé ag súil go mór le tógáil ar an rath atá bainte amach ag an Gníomhaireacht agus ag a comhpháirtithe le cúig bliana anuas chun plé le saincheist toirchis ghéarchéime in Éirinn.

Mary Harey T.D

An tAire Sláinte agus Leanaí

Samhain 2007

Intreoir le Cathaoirleach agus Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Thoircis Ghéarcheime

Is é seo dara Plean Straitéise na Gníomhaireachta. Forbraíodh é trí phróiseas comhairleach le Bord agus Foireann na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime, agus trí chomhrá le Rannóga Rialtais, Eagraíochtaí Stáit, Grúpa Deonacha, daoine óga agus ionadaithe ón earnáil phríobháideach. Mhúnlaigh Straitéis 2007-2011 ó mheasúnú ar an phlean straitéiseach roimhe. Gabhaimid ár mbuíochar le gach duine a chuir leis.

Comhdhluthaíonn agus cuireann an Straitéis seo le hobair na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime agus tógann sé ar thionchar na gníomhaireachta maidir le taighde, cumarsáid agus soláthar seirbhísí:

- Chuir taighde na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime go mór le tuiscint níos fearr ar na tosca agus réiteach a bhaineann le toircheas géarchéime agus an duine, an pobal agus ag leibhéal an tsochaí. Shocraigh an ghníomhaireacht ar a chur chuige maidir le toircheas géarchéime a phlé mar gheall ar thorthaí ón taighde seo.
- Trína feachtais chumarsáide thug an Ghníomhaireacht an cheist seo thoirchis ghéarchéime chun solas, chuir daoine a bhíonn i mbun gnéis ar an eolas agus ar a gcumas iad féin a chosaint agus chuir sí ar chumas tuismitheoirí, múinteoirí agus tionchar eile atá ag teacht in aois gníomhaíochta gnéis
- Lena comhpháirtithe reachtúla agus neamhreachtúla chuir an Ghníomhaireacht feabhas suntasach ar thacaíocht do mhná trí sheirbhísí comhairliúcháin thoirchis ghéarchéime a mhéadú le beagnach 50%., ag tabhairt isteach caighdeáin cháilíochta agus ag foilsiú go gníomhach réimse agus infhaighteacht na seirbhísí comhairliúcháin do chách

Treoróidh na téamaí seo a leanas an Ghníomhaireacht maidir le tógáil ar an phróiseas seo:

- Ag díriú airde ar an bhean a théann trí thoircheas géarchéime i dtólamh maidir le déanamh cinnithe; caithfidh páirtí agus teaghlach a mná a choinneáil mar fhócas na Gníomhaireachta fosta
- Ag forbairt páirtíochta le príomheagraíochtaí chun comhthionscnaimh a chur ar fáil, chun tuiscint a ardú, chun iompair a athrú agus chun príomhsheirbhísí agus tacaíocht a chur ar fáil.
- Ag tabhairt measa don dea-thionchar a bhíonn ag tionscnaimh shamhlaíocha chumarsáide ar iompair a mhúnlú agus dearcaí a mhúnlú maidir le caidrimh agus oideachas gnéis do dhaoine óga.
- Ag tabhairt tacaíochta don ról tábhachtach a bhíonn ag tuismitheoirí maidir le forbairt gnéasach a gcuid leanaí.
- Ag aithint gurb iad na bunchumais a bhíonn de dhíth le bheith éifeachtach na cinn a d'fhorbair an Ghníomaireacht maidir le taighde, forbairt seirbhíse agus cumarsáide.
- Ag cinntiú luach airgid agus barrdháileadh áiseanna.

Caithfidh an Ghníomhaireacht bheith i dtús cadhnaíochta maidir le hoideachas, le heolas, le taighde agus le comhairle. Leis an fhianaise agus an eolas atá mar bhunchloch ann, caithfidh an Ghníomhaireacht dul i bhfeidhm ar pholasaí agus ar ghníomhaíocht. Chomh maith leis sin ba mhian leis páirtíocht straitéiseach a fhorbairt le feabhas a bhaint amach i iompair shláinte gnéis agus a thorthaí de réir mar a bhaineann siad le toircheas géarchéime.

Katharine Bulbulia, Cathaoirleach

Caroline Spillane, Stiúrthóir

Achoimre Fheidmitheach

Ón uair a bunaíodh í in 2001 d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime 23 thuarascáil taighde a bhain le cosc ar thoirchis ghéarchéime agus tacaíocht a thabhairt dó. Cuireann sé seo an Ghníomhaireacht i riocht an-láidir chun próifíle a dhéanamh ar thoirchis ghéarchéime in Éirinn. Ceadaíonn an taighde seo réamhtheachtaí thoirchis ghéarchéime a aithint agus straitéisí a bheartú go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar cheist an thoirchis ghéarchéime thar na cúig bliana amach anseo. Bhunaigh an clár taighde líon táscairí bunlíne chun príomhbhearta a bhaineann le toircheas géarchéime a rianú agus tionchar ar obair na Gníomhaireachta a mheas.

Sainmhíníonn An tOrdú Bunaithe um Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime toircheas géarchéime mar "thoircheas nach bhfuil pleanáilte ná mianta ag an bhean atá bainteach leis agus atá ina ghéarchéim phearsanta di." Tuigeann An Ghníomhaireacht gur clúdaítear sa sainmhíniú seo eispéireas na mban siúd ar mhian leo nó ar phleanáil siad toircheas ach gur d'fhorbair sé ina ghéarchéim thar tréimhse de bharr athrú tosca.

Díríonn an Straitéis um Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime 2007 -2011 ar thrí chuspóir lárnach, díorthaithe as a mandáidí:

- Líon na dtoircheas géarchéime a laghdú.
- Líon na mban a roghnaíonn ginmhilleadh mar thoradh thoircheas géarchéime a laghdú.
- Folláine coirp agus meabhairshláinte na mban a chosaint i ndiaidh di deireadh a chur leis an toirceas.

Cuideoidh seacht dtosaíocht straitéiseacha leis an Ghníomaireacht chun na cuspóirí seo a bhaint amach.

Seacht dtosaíocht straitéiseacha

I. Eolas ar Chaidrimh agus ar Ghnéasacht le haghaidh Ógánach

Feabhais intomhaiste a bhaint amach in eolas ar chaidrimh agus ar ghnéasacht i measc ógánach trí oideachas baile-, scoil- agus pobal-bhunaithe

Tionscadail le haghaidh Athruithe

- Feabhais intomhaiste i soláthair Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a bhaint amach, chun go mbeidh 100% de scoileanna in ann clár OCG a sholáthair, i gcomhthéacs Oideachais Sóisialta, Phearsanta & Sláinte (OSPS) thar na chéad chúig bliana amach anseo.
- Soláthair éifeachtach OSPS/OGC a bhaint amach le héascaitheoirí seachtracha de réir mar is cuí
- Córais agus próisis a chruthú chun dearcadh daoine óga a léiriú i bhforbairt clár agus acmhainní.
- Cuidigh le tuismitheoirí oideachas caidrimh agus gnéasachta a sholáthair sa bhaile Acmhainní nua a fhorbairt le heolas cuí agus scileanna cumarsáide a thabhairt do thuismitheoirí.
- Oiliúint mhúinteoirí (príomhoide san áireamh) in OCG/OSPS a fheabhsú trí dheiseanna le haghaidh creidiúnaithe a fhorbairt.

II. Frithghiniúint

Eolas ar fhrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna agus rochtain orthu araon a fheabhsú – go háirithe do ghrúpaí atá i mbaol toirchis ghéarchéime

Tionscadail le haghaidh Athruithe

- Trí fhóthuarascáil Irish Study of Sexual Health and Relationships (ISSHR)/ Staidéar Éireannach ar Shláinte agus ar Chaidrimh Ghnéis (SÉSCG) a thabhairt chun críche .
- Torthaí as SÉSCG agus as taighde eile a úsáid chun moladh bunfhianaise a fhorbairt a thacaíonn chuimsiú fhorbairt seirbhís frithghiniúna i mbearta sláinte gnéis don Roinn Sláinte agus Leanaí agus Fheidhmeannach na Seirbhísí Sláinte. Tacaíocht a thabhairt do bhearta náisiúnta shláinte gnéis atá baint le mandáidí Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.
- Treoirchineálacha sholáthair seirbhíse a mhaoiniú chun feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí, chun glacadh seirbhísí a mhéadú, agus úsáid cheart chomhsheasmhach frithghiniúna i measc grúpaí i mbaol a chur chun cinn. Na treoracha seo a mheas d'fhonn príomhshruthaithe
- Tograí polasaí a fhorbairt don Roinn Sláinte agus Leanaí agus don Roinn Airgeadais ar an dóigh ar féidir costas frithghiniúna a íoslaghdú chun úsáid sheasmhach fhrithghiniúna le fír agus mná óga atá i mbun gnéis a éascú

III. Cumarsáide

Feachtais chumarsáide éifeachtaí nuálaí a dhéanamh chun athruithe iompraíochta dearfacha agus cultúrtha maidir le dearcaidh ghnéasacha, roghanna agus iompar a chur chun cinn

Tionscadail le haghaidh Athruithe

- Feachtas margaíochta comhtháite trí bliana ar úsáid cheart chomhsheasmhach frithghiniúna a fhorbairt. Díreoidh an feachtas orthu siúd a bhfuil gnóthachtáil oideachais níos ísle agus stádas socheacnamaíoch níos ísle acu (SES/SSE). Cuimseofar fír óga, mná óga agus mná in aois 35 - 55 sna spriocghrúpaí.
- Feachtas a reáchtáil atá dírithe ar mhoill a chur ar ógánaigh atá i mbun gnéis.
- Feachtas Positive Options/ Roghanna Dearfacha a shiniú amach trí bliana sa bhreis chun rochtain ar sheirbhísí thoirchis ghéarchéime a chur chun cinn agus plé le stiogma toirchis ghéarchéime
- Seirbhísí leighis iar-ghinmhilltí agus comhairliúcháin atá saor in aisce a chur chun cinn.
- Comhpháirtíochtaí le comhlachtaí reachtúla agus deonacha a fhorbairt chun eolas ar shláinte gnéis le haghaidh lucht iarrtha tearmainn a fheabhsú.
- Clár caidrimh phoiblí náisiúnta agus réigiúnacha a dhéanamh chun cuspóirí straitéise na Gníomhaireachta a chur in iúl.

IV. Seirbhísí Toirchis Ghéarchéime

Rochtain ar sheirbhísí comhairliúcháin toirchis ghéarchéime agus ar sheirbhísí leighis iar-ghinmhilltí agus comhairliúcháin a fheabhsú

Tionscadail le haghaidh Athruithe

- An gá le seirbhísí náisiúnta toirchis ghéarchéime agus seirbhísí náisiúnta iar-ghinmhilltí a mheas, agus é a chur i gcomparáid le leibhéal na seirbhísí atá á seachadadh. Maoiniú deontas a sholáthair chun cinntiú gur comhlíonann an soláthair seirbhíse an t-éileamh.
- Foireann uirlisí coimisiúnaithe a fhorbairt chun treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag bunadh seirbhísí nua comhairliúcháin toirchis ghéarchéime.
- Chreatphlean Dearbhaithe Cáilíochta féinmheasúnaithe a fhorbairt le haghaidh chomhlairliúchán toirchis ghéarchéime agus chomhairliúchán iar-ghinmhilltí.
- Clár creidiúnaithe Ollscoil na hÉireann (NUI) a fhorbairt ar scileanna comhairliúcháin um thoirchis ghéarchéime do chomhairleoirí i ngíomhaireachtaí Státmhaoinithe.

V. Leanúint le Toircheas

Feabhas a chur ar réimse agus ar nádúr na dtacaíochtaí atá lárnach a mheallfar leanúint leis an toircheas. Cinntiú go dtugtar mná, a bpáirtí agus a dteaghlach eolas ar na tacaíochtaí seo

Tionscadail le haghaidh Athruithe

- Tionscadal áit oibre a fhorbairt chun feabhas a chur ar eispéireas na mban (agus na bhfear) atá ag obair agus a bhfuil toircheas géarchéime os a gcomhair. Díreoidh

an tionscadal ar bhainistíocht teidlíocht saoire reachtúla (m.sh. saoire mháithreachais) agus ar sholáthair eolais ar shochair, ar chearta agus ar theidlíochtaí.

- Treoirthionscnaimh a mhaoiniú chun páirtíocht na bhfear a mhéadú maidir le tacaíocht a thabhairt dá bpairtí le linn toirchis ghéarchéime, chun déileáil leis an toircheas géarchéime agus le tuismitheoireach

- Treoirthionscnaimh a mhaoiniú atá dírithe ar na mná - go háirithe na mná óga – a bhfuil ardleibhéal tacaíochta agus cúnaimh de dhíth orthu agus iad ag dul ar aghaidh lena dtoircheas agus ag déileáil le tuismitheoireacht.
- Treoirlínte dea-chleachtais a fhorbairt agus a scaipeadh ar phlé le rogha uchtála agus é a chur i láthair agus ar fhorbairt na mbealaí tarchuir le haghaidh uchtála.
- Athbhreithniú ar éileamh ar thionscnaimh a chur i gcrích ar nós cóiríocht thacaíochta agus altramaithe gearrthréimhse.
- Tacaíocht a thabhairt do ról lárnach na máthar nádúrtha a chuimsiú sa Chreatalach um Uchtáil Intíre maidir le rogha tuismitheoirí uchtaithe ionchais.

VI. Taighde

Tuiscint ar thosca rannpháirteacha agus réitigh ar thoircheas géarchéime a neartú: torthaí taighde a úsáid chun cleachtas bunfhianaise agus forbairt polasaí a chur chun cinn

Tionscadail le haghaidh Athruithe

- Feabhas a chur ar bhonn fianaise na Gníomhaireachta: bearna eolais a aithint agus taighde nua a choimisiúnú chun plé leo. Tuarascálacha staitistiúla bliantúla a fhoilsiú chun monatóireacht a dhéanamh ar tháscairí bunlíne. Bunachair shonraí cainníochtúla de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime a chur i gcartlanna sonraí.
- Cumas taighde a thógáil ar ábhair a bhaineann le toirchis ghéarchéime trí thaighde a choimisiúnú agus trí scoláireachtaí taighde agus scéimeanna dámhachtainí a bhunú.
- Treoirlínte dea-chleachtais a fhoilsiú, i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí proifisiúnta, chun feabhas a chur ar chleachtas proifisiúnta in ábhair a bhaineann le toirchis ghéarchéime agus chun chinntiú go bhfuil fianaise iontaofa tugtha don chleachtas.
- Tuiscint ar clár taighde na Gníomhaireachta a mhéadú tríd na córais reatha d'achoimrí taighde a shíniú amach chun grúpaí náisiúnta agus idirnáisiúnta nua a chur san áireamh.
- Athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun cinntiú go gcoinnítear an chreatlach measúnaithe, atá mar bhonn agus mar thaca ag obair na Gníomhaireachta, ar an eolas de réir dea-chleachtais.

VII. Tionchar Polasaí

Tionchar a chur ar lucht déanta polasaí agus ar phríomhpháirtithe maidir le toirchis ghéarchéime a chosc, le cinnteoireacht ar shliochtmhaireacht agus le torthaí thoirchis ghéarchéime

Tionscadail le haghaidh Athruithe

- Athbhreithnithe polasaí ar phríomhábhair a bhaineann le toirchis ghéarchéime a fhoilsiú.
- Páirteachas a ghlacadh i bhfóraim pholasaí agus fóraim pholasaí a eagrú maidir le buncheisteanna.
- Córas a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar athrú polasaí go náisiúnta chun tionchar ar chion tairbhe na Gníomhaireachta a mheas, agus chun na torthaí a scaipeadh

Cúlra don Straitéis

An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarcheime

Fís

Is tríd an straitéis a bheas an Ghníomhaireacht ag obair lena fís don todhchaí a bhaint amach ina:

> bhfuil toircheas agus tuismitheoireacht ina n-eispéireas fáilteach dearfach do mhná, dona bpairtí agus dona teaghlach.
>
> Tharlaíonn toirchis ghéarchéime níos lú minice, ach nuair a tharlaíonn siad, féadann mná aghaidh a thabhairt ar an ghéarchéim agus é a bhainistiú gan eagla don todhchaí a bheith orthu de thairbhe go bhfuil tacaíocht cuí ar fáil cibé rogha a dhéantar.

Misean

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime chun:

- Forbairt a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Straitéise Náisiúnta a phléann le saincheist toirchis ghéarchéime, i gcomhairliúchán agus i gcomhpháirtíocht leis na Ranna Stáit agus le comhlachtaí ábhartha.
- bheith ag obair i gcomhpháirtaíocht leis na gníomhaireachtaí cuí chun gnóthachtáil na gcuspoirí atá sa Straitéis a chur chun cinn agus a chomhordú.
- Forbairt – ag na Ranna Stáit agus ag na comhlachtaí cuí – plean feidhme chun an Straitéis a chur i bhfeidhm ina réimse freagrachta féin a chur chun cinn. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí na bpléananna seo.
- Tuarascalacha tréimhsiúla ar an dul chun cinn a dhéanamh agus gníomh leasúcháin a mholadh de réir mar atá de dhíth.
- Na bearta a ghlacadh agus na himeachtaí a ghabháil de réir mar a mheasann sí is cuí chun plé le saincheist toirchis ghéarchéime.
- Codanna dea-chleachtais a dhréachtú le haghaidh léirmheasa ag na gníomnhaireachtaí agus na daoine atá baint le seirbhísí le tabhairt do mhná a bhfuil toirchis ghéarchéime acu.
- Taighde ar gnéithe toirchis ghéarchéime a chur chun cinn agus a choimisiniú de réir mar a mheastar oiriúnach.
- Comhairle ar cheisteanna a bhaineann le toircheas géarchéime a thabhairt don Aire nó d'Airí eile an Rialtais, de réir mar atá de dhíth ar an Aire nó ar a stuaim féin.
- Feidhm ar bith eile a dhéanamh maidir le toirchis ghéarchéime ar féidir leis an tAire leagan uirthi.

Prionsabail oibre

Agus í ag cur a Straitéise i bhfeidhm leanfaidh an Ghníomaireacht ar aghaidh treoir a ghlacadh de réir na bprionsabal oibre a leanas:

Dírithe ar an duine

Cé go mbíonn an bhean a théann trí toircheas géarcheime e i gcroílár chinnteoireacht na Gníomhaireachta, tá páirtí agus teaghlach na mná lárnach freisin. Tá sé seo le sonrú in éifeachtacht fheachtais chumarsáide na Gníomhaireachta – go háirithe na feachtais a chuireann seirbhísí toircheas géarchéime chun cinn – agus ar an seasamh neamhbhreithiúnach a thógann an Ghníomhaireacht i dtaobh na roghanna a dhéanann mná le linn toircheas géarchéime.

Bunaithe ar fhianaise

Is é taighde atá marr bhonn agus mar thaca gach gníomh agus imeacht de chuid na Gníomhaireachta, a thugann cumas don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime guth údarasach i réimse sláinte gnéis, cinnteoireacht ar shliochtmhaireacht agus toirchis ghéarchéime. Sonraítear é seo i gcaighdeán na n-aschur ón fheidhmeannas taighde agus polasaí agus ar an dóidh a mbíonn said seo á n-úsáid, á gcur chun feidhme agus á nglacadh ag an Ghníomhaireacht í féin agus ag eagraíochtaí eile.

Dírithe ar réiteach, nuálaíoch agus misniúil:

Creideann an Ghníomhaireacht go gcaithfaidh sí bheith tréan, léargasach agus lán samhlaíochta chun dúshlán agus eolas a thabhairt, agus go gcaithfidh a cuid teachtaireachtaí a bheith dírithe ar réitigh. Tá sé seo le sonrú sa mheascán bealaí agus modhanna a úsáidtear chun teachtaireachtaí maidir le frithghiniúint agus toirchis ghéarchéime a chur chuig spriocghrúpaí áirithe.

Oibiachtúil:

Tá an Ghníomhaireacht ag obair i réimse ina mbíonn tuairimí daingne, paiseanta ag daoine; coinníonn an Ghníomhaireacht a oibiachtúlacht mar Ghníomhaireacht Stáit trí chloí lena mandáid féin, trí úsáid a bhaint as fianaise agus trí dhea-chleachtais a chur chun cinn. Tá sé seo le sonrú ar leithead agus ar scóip chlár maoiniúcháin na Gníomhaireachta, ar a dhéine a chuirtear i bhfeidhm chun acmhainní oideachais agus eolais a fhorbairt agus ar mhodh cumarsáid na Gníomhaireachta.

Meas ar chomhpháirtíocht agus ar chomhairliúchán

Tá meas ag an Ghníomhaireacht ar shaineolas agus ar thaithí daoine eile. Tá sé seo le sonrú i réimse agus i scála comhairliúcháin lena mbíonn an Ghníomhaireacht gafa agus in éagsúlacht na gcomhphairtaíochtaí atá bunaithe aice.

Freagrach

Agus é ina chomhlacht átá á mhaoiniú ag an bpobal, tá an Ghníomhaireacht an-chomhfhios ar an riachtanas chun éifeachtacht a cheangal le cinnteoireacht trédhearcach, chun luach ar airgead agus freagracht deireanach a thabhairt don phobal tríd an Aire agus tríd an Roinn Sláinte agus Leanaí. Iarraíonn an Ghníomhaireacht foghlaim trí thathaí; dá bhrí sin cuireann sí infheistíocht i measúnacht chun fheabhsú an t-am ar fad. Tá sé seo le sonrú sa chur chuige córasach a thug an Ghníomhaireacht chuig rialachas agus measúnacht.

An comhthéasc don Straitéis nua

Ón uair a bunaíodh í sa bhliain 2003 d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime 23 thuarascáil taighde a bhain le cosc ar thoirchis ghéarchéime agus tacaíocht a thabhairt dó. Ba chainníochtúil cháilíochtúil i nádúr an taighde seo agus déanta le réimse forleathan rannpháirtithe.

Tá an Ghníomhaireacht i riocht an-láidir faoi láthair chun próifíle iontaofa a dhéanamh ar thoirchis ghéarchéime in Éirinn. Ceadaíonn torthaí an taighde réamhtheachtaí toirchis ghéarchéime a aithint agus straitéisí a bheartú go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar cheist an thoirchis ghéarchéime thar na cúig bliana amach anseo. Bhunaigh an clár taighde réimse táscairí bunlíne chun príomhbhearta a bhaineann le toircheas géarchéime a rianú agus tionchar obair na Gníomhaireachta a mheas.

Sainmhíniú ar thoircheas géarchéime

Sainmhíníonn An tOrdú Bunaithe um Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime toircheas géarchéime mar

> *"thoircheas nach bhfuil pleanáilte ná mianta ag an bhean atá bainteach leis agus atá ina ghéarchéim phearsanta di".*

Tuigeann An Ghníomhaireacht gur clúdaítear sa sainmhíniú seo eispéireas na mban siúd ar mhian leo nó ar phleanáil siad toircheas ach gur d'fhorbair sé ina ghéarchéim thar tréimhse de bharr athrú tosca.

Leitheadúlacht toirchis ghéarchéime

Téan cuid mhór daoine trí thoircheas géarchéime in Éirinn.

Fuair tuarascáil ISSHR/SÉSCG amach go nduirt níos mó na 1 i 5 bhean go ndeachaigh siad trí thoircheas géarchéime[1] Mar an gcéanna, fuair Suirbhé Éireannach ar Fhrithghinúint agus Thoirchis Ghéarchéime amach go ndeachaigh 28% de mhná (a raibh toircheas acu thar a saol) in aois idir 18 agus 45 trí thoircheas géarcheime[2]. Thug 23% d'fhir tuairisc go ndeachaigh siad trí thoircheas géarchéime sa suirbhé céanna.

Agus é bunaithe ar na torthaí seo agus ar fhigiúirí an Phríomh-Oifig Staidrimh ón bhliain 2004, is féidir measúnú go ndeachaigh 136,000 bean sa daonra sa lá atá inniú ann trí thoircheas géarchéime. Ar na mna siúd a thug tuairisc go ndeachaigh siad trí thoircheas géarchéime, chuaigh 14% acu trí níos mó ná ceann amháin acu.

Ní feiniméan toircheas géarchéime ar a ndéanann tíortha eile measúnacht nó lorg agus ní féidir comparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh dá réir. Ní iarraíonn tíortha eile céatadán na mban a roghnaíonn leanúint ar aghaidh le toircheas a mheas. Go hidirnáisiúnta, tá sonraí comparáideacha ar fáil ar fhigiúirí ar nós torthúlacht déagóra agus rátaí ginmhilltí, ach ní ar thoircheas géarchéime.

Leitheadúlacht tuistmitheoireachta mar thoradh ar thoircheas géarchéime

Is é an túismitheoireacht an toradh is coitianta do mhná na hÉireann i ndiaidh toirchis ghéarchéime.

Tá sé le sonrú i suirbhé ICCP/FTGÉ go roghnaíonn thart ar thrí cheathrú de mhná a théann trí thoircheas géarchéime breith a thabhairt agus bheith ina tuismitheoir don leanbh. Beidh níos mó ná leath acu ina dtuismitheoir le hathair an linbh (57%) agus thart ar 40% ina dtuismitheoir don leanbh ina n-aonar[3].

Tá sé le sonrú i sonraí breithe na ndéagóirí agus i bhfigiúirí ginmhilltí na ndéagóirí araon go mbeidh breith/tuismitheoireacht mar thoradh de thart ar thrí cheathrú ginniúintí na ndéagóirí[4]. De réir an tráidisiúin, baineadh úsáid as líon beithe na ndéagóirí mar thascaire toirchis ghéarchéime. Tá sé soiléir, áfach, nach measann na daoine óga uile atá baint leis na breithe déagóirí gur géarchéim atá ann. Bíonn freagrach dearfach do scéala an toirchis ag cuid de na déagóirí agus feictear é mar fhorbairt dearfach ina saol[5]. Ba mheasartha cobhsaí iad breithe déagóirí agus rátaí breithe in Éirinn le 30 bliana anuas[6] (féach Fíor 1). Sa bhliain 2005 bhí 2420 breith do dhéagóirí, i gcomparáid le 3106 acu sa bhliain 2000. Tá laghdú sa ráta ginmhilltí fosta le haghaidh déagóirí (in aois 15-19) a thugann seoltaí Éireannacha i gclinicí na Ríochta Aontaithe ó 6.0 in 2001 go 4.5

1 Layte, R., McGee, H., Quail, A., Rundle, K., Cousins, G., Donnelly, C., Mulcahy, F. & Conroy, R. (2006). The Irish Study of Sexual Health and Relationships / Staidéar Éireannach ar Shláinte agus ar Chaidhrimh Ghnéis. Tuarascáil de chuid na Gníomhreachta um Thoirchis Ghéarchéime agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Baile Átha Cliath

2 Rundle, K., Leigh, C., McGee, H. & Layte, R. (2004). Staidéar ar Fhrithghinúint agus ar Thoirchis Ghéarchéime na hÉireann [ICCP/SFTHÉ]. Suirbhé ar an Daonra i gCoitinne. Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.7. Baile Átha Cliath.

3 Rundle srl. (2004). Staidéar ar Fhrithghinúint agus ar Thoirchis Ghéarchéime na hÉireann [ICCP/SFTHÉ]. Suirbhé ar an Daonra i gCoitinne. Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.7. Baile Átha Cliath.

4 An Roinn Sláinte, An Riocht Aontaithe. http://www.dh.gov.uk/en/index.htm. Líon ginmhilltí na ndéagóirí ó na déagóirí siúd a thug seoladh Éireannach ag clinicí na Riochta Aontaithe.

5 O'Keeffe, S. (2004). Crisis Pregnancy Decision Making/Cinnteoireacht ar Thoircheas Géarchéime: An Outline of Influencing Factors/Breac-Chuntas ar Thosca Tionchair. Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.1. Baile Átha Cliath.

6 O'Keeffe, S., McGrath, D. & Smith, M. (2006). Tuarascáil Staitisticiúil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime: Revised Teenage Pregnancy Data/Sonraí Athbhreithnithe ar Thoirchis Dhéagóirí, Tuarascáil Staitisticiúil GTG, Baile Átha Cliath.

Fíor 1: Líon breithe do mháithreacha in aois 15-19, 1970 - 2006



Foinse: CSO/GTG: Tuarascáil Bhliantúil StaitisticBheatha 2004
**4ú Cheathrú agus Achoimre Bhliantúil, 2005 agus 2006*

Fíor 2: Rátaí toircheas, breithe agus ginmhilltí* (gach 1,000) do mná in aois 15-19 bliana



Foinse: bunaithe ar shonraí ó Staitistic Bheatha CSO/GTG; Roinn Sláinte na Riochta Aontaithe
** Ríomhtar rátaí ginmhilltí bunaithe ar líon déagóirí a thugann seoltaí Éireannacha ag clinicí ginmhilltí*

Figure 3: Trends in adoption in Ireland 1976-2005



Foinse: An Bord Uchtála
Nóta: Is é uchtú 'Strainséirí' an téarma atá in úsáid le cur síos a dhéanamh ar uchtaithe neamh-teaghlach; is measartha coitianta iad uchtaithe teaghlach agus ata baint le, cuir i gcás, céile na máthar i gcaidreamh nua, agus é ag uchtáil linbh de chaidreamh a chuaigh thart, nó le gaol ag uchtáil linbh de thuismeitheoirí éagtha.

in 2006 (féach Fíor 2). (Is é líon ginnmhilltí ag déagóirí in aois 15-19 bliana gach 1,000 sa daonra.)

Leitheadúlacht uchtála mar thoradh ar thoircheas géarchéime

Is beag bean a roghnaíonn an leanbh a chur le haghaidh uchtála.

Bhí laghdú suntasach i líon na mban a chuir a linbh le haghaidh uchtála le deichniúir anuas agus leanann an laghdú go bliantiúil.

Sa bhliain 2005, cuireadh 62 leanbh le haghaidh uchtála[7], i gcomparaid le 88 in 2004, 99 in 2002 agus 1,005 in 1976. Meastar gur ciallaíonn an laghdu i líon na mban atá ag rognú uchtála go roghníonn níos mó mna neamhphósta a théann trí thoirchis ghéarchéime a linbh a choinneáil. Feiceann na mná níos lú anois gurb é uchtáil ina réiteach ionchais nó réadúil ar thoircheas géarchéime (féach Fíor 3). Pléifidh an Ghníomhaireacht ceisteanna a chuireann le cur i láthair nó dearcadh uchtála tríd an Straiteis seo.

Leitheadúlacht ginmhillte mar thoradh ar thoircheas géarchéime

Roghnaíonn thart ar 15% de mná a théann trí thoircheas géarchéime ginmhilleadh.

Tá sé tábhachtacht tabhairt faoi déara gur seans níos mó go roghnaíonn na mná níos óige (in aois 18-25) ná mná níos sine ginmhealladh (Féach Fíor 4). Cuir i gcás, sa Suirbhé ICCP/ÉFTG roghnaigh 22% de dhaoine in aois 18-25 ginnmhealladh, i gcomparáid le 10% sna catagóirí aois eile. Tá méadu ar inghlachtacht ginmhillte i gcuiseanna éagsúla i measc daonra na hÉireann le linn ama[8].

Imíonn an chuid is mó ban as Éireann a shocraíonn deireadh a chur lena a dtoircheas go Sasain le haghaidh ginnmhillte. Léiríonn staitisticí Rialtas na Riochta Aontaithe go raibh ginnmhilltí ag 5042 mná a raibh seoltaí i bPoblacht na hÉireann acu i gclinicí Sasanacha in 2006[9]. Tá na figiurí seo á n-ísliú le linn na sé bliana a chuaigh thart. Ba é 6673 an figiúr in 2001.

Léiríonn céad-torthaí as staidéar CPA/GTG go bhfuil líon ban ag taisteal go dlínsí eile, go príomh an Ísiltír, chun deireadh a chur leis an toircheas. Tuarascaíonn clinicí i ndlínsí eile

7 An Bord Uchtála (2005). Tuarascáil Bhliantúil. Oifig an tSolathair, Baile Átha Cliath.
8 Rundle srl. (2004). Staidéar ar Fhrithghinúint agus ar Thoirchis Ghéarchéime na hÉireann [ICCP/SFTHÉ]. Suirbhé ar an Daonra i gCoitinne. Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.7. Baile Átha Cliath.
9 An Roinn Sláinte (2006). Feasachán Staitisticiúil: Staitisticí ginmhilltí, Sasain & An Bhreatain Bheag. Seirbhísí Staidrimh an Rialtais, An Ríocht Aontaithe.

Fíor 4: Ráta ginmhilltí (gach 1,000 bean) do mhná de réir grúpaí aoiseanna 1974-2006



Foinsí: bunaithe ar shonraí ó Oifig Náisiúnta Staitisticí RA agus ón Roinn Sláinte, agus ó shonraí Daonra agus Daonáireamh Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

Tábla 1: Comparaid ar rátaí ginmhillte i stáit roghnaithe

Tír	Bliain ar a bhfuil sonraí is déanaí ar fail	Ráta gach míle bean
An Astráil	2003	19.7
An Bheilg	2003	8
Ceanada	2003	15.2
Danmhairg	2005	12.2
Sasain agus An Bhreatain Bheag	2006	18.3
An Ghearmáin	2005	7.4
An Fhionlainn	2004	9
An Fhrainc	2003	16.7
Éire	**2006**	**5.2**
An Iodáil	2003	11
An Ollainn	2005	8.6
An Nua-Shéalainn	2005	19.7
Tuaisceart Éireann(N.I.)*	2006	3.5
An Iorua	2005	12.9
Albain	2006	12.4
An Spáinn	2004	8.9
An tSualainn	2005	20.2
SAM (Stáit Aontaithe Mheiricea)	2003	20.8

** figiúirí do mná as TÉ a chuireann deireadh le toircheas i Sasain agus sa Bhreatain Bheag amháin*
Nóta: Roimhtar cuid is mó rátaí do mhná in aois 15-44, Is féidir go bhfuil éagsúlacht ann i réimse aoiseanna sna Stáit
Foinsí: Jaarrapportage 2005 van de Wet afbreking zwangerschap, , Inspectie voor de Gexondheidszorg,Deireadh Fómhair 2006
(Is as Roinn Sláinte na hOllainnean tuarascáil seo); Institúid Alan Guttmaker, SAM; An Roinn Sláinte, An Ríocht Aontaithe agus NHS/ SNS na hAlbain

gur treocht measartha nua é seo agus tá sé tugtha faoi deara go bhfuil mná Éireannacha ag taisteal chun a gcuid clinicí ó Eanáir 2006. Tabhairfidh an Ghníomhaireacht tuilleadh taighde ar an threocht seo sa Strairéis nua.

In ainneoin líon na mban atá ag taisteal go dlínsí eile, áfach, léirfí an laghdú suntasach i líon na mban atá ag tabhairt seoltaí Éireannacha i gclinicí na RA ón bhliain 2001go raibh an treocht síos ar líon na mban a bhí ag taisteal as Éirinn an-chéimseach ar fad. Tugtar tacaíocht air seo trí thitim i líon breithe agus ginmhilltí atá bhaint le déagóirí.

Tá ráta íseal ginmhillte i gcomparaid le tíortha eile (féach Tábla 1).

Leitheadúlacht thoirchis faoi cheilt

Léiríonn taighde a choimisnigh an Ghníomhaireacht gur breith cheilte í gceann amháin as gach 625 breith in ospidéal máithreachais Bhaile Átha Cliath agus ceann amháin as gach 403 breith in ospidéal tuaithe[10].

Nuair a cheileann nó nuair a shéanann bean toircheas anonn sa tréimhse toirchis fulaingíonn sí go mór dá dheasca agus cothaíonn sé deacrachtaí don fhoireann leighis agus í faoi chúram réamhbhreithe agus le linn bhreith an linbh. Tarlaíonn sé in amanna go dtréigfeadh an bhean an leanbh i ndiaidh toirchis cheilte. Sa tréimhse idir 1996 agus 2005 aimsíodh 24 leanbh nuabhreithe(seisear acu beo agus ocht nduine déag acu marbh).

Ba de bharr eagla roimh ligean síos tuismitheoirí nó eagla roimh fhreagairt tuismitheoirí na fáthanna ba choitianta ar cheil mná a dtoirchis. Ní mór dul i ngleic leis an stiogma a bhaineann le toircheas géarchéime agus le tuismitheoireacht aonarach, go háirithe trí chláir phoiblí chumarsáide atá le teacht.

Próifil na mban a théann trí thoirchis ghéarchéime

Tá an chuid is mó na ndaoine a bhfuil toircheas géarcheime acu ina luath-fichídí.

Is lú líon na mban ina ndéaga a dtarlaíonn toircheas géarchéime dóibh ná an líon atá sna tríochaidí sna daichidí agus sna caogaidí.

Léirigh taighde an ICCP gur 23.4 bliana do mhná agus 24.6 bliana d'fhir an mheánaois ag a raibh an toircheas géarrchéime ba dhéanaí ag na rannpháirtithe [11]. D'aimsigh Staidéar Sláinte Ghnéis agus Chaidrimh na hÉireann (ISSHR) gur 19 bliana an mheánaois do mhná faoi 25 bliana d'aois. 22 bliana an mheánaois a raibh toircheas géarchéime ag mná idir 25 agus 34 bliana d'aois ag an am a rinneadh an taighde [12]

Ina theannta sin, tugann taighde an ISSHR le tuiscint go bhfuil líon na mban a dtarlaíonn toircheas géarchéime dóibh ag méadú le himeacht aimsire agus go bhfuil aois na mban ag laghdú Taispeánann sonraí ginmhillte na Ríochta Aontaithe gur mná idir 20 agus 22 bliana d'aois a thugann seoltaí in Éirinn a bhfuil formhór na nginmhilltí acu [13]

Tá formhór na mban a théann trí thoircheas géarchéime i gcaidreamh de shaghas éigin Léiríonn sonraí suirbhé ó thuairisc an ICCP go raibh buanchaidreamh lena bpáirtí ag 41% na mban, caidreamh gan coinníol ag 24% acu agus go raibh 24% acu pásta nó idir dáil agus pásadh ag am na giniúna

Léiríonn taighde go bhfuil idirghaol idir minicíocht toirchis ghéarchéime agus daoine faoi mhíbhuntáiste ó thaobh chúlra de nó daoine a bhfuil leibhéil ísle oideachasúil acu. D'aimsigh suirbhé an ICCP idirghaol idir stádas íseal eacnamaíoch(SES) agus riosca ardaithe toirchis ghéarchéime. D'aimsigh suirbhé an ISSHR go bhfuil idirghaol idir SES íseal agus minicíocht chaidrimh chollaí ag aois óg; rud a bhfuil baint aige le riosca ardaithe toirchis ghéarchéime. Is ríléir ó na staidéir seo go bhfuil dlúthbhaint ag SES íseal le gnóthachtáil laghdaithe oideachasúil. Tá baint ag drochghnóthachtáil oideacasúil le leibhéil laghdaithe eolais ar shláinte ghnéis, ar iompair ina bhfuil riosca gnéis i gceist agus ar thorthaí gan súil. Tá baint ag leibhéil ísle SES fosta, le caidreamh collaí ag aois níos óige ná mar ba ghnách agus is cúis riosca é seo do thoircheas géarchéime agus do thorthaí diúltacha gnéis eile.

Tugann an fhianaise le tuiscint gur mó an seans go mbreathnaíonn mná óga an lae inniú ar thoircheas mar ghéarchéim ná mar a dhéanfadh mná óga san am atá caite. Is mó i bhfad anois líon na mban óg a théann isteach san oideachas tríú leibhéal ná líon na mban sna glúine a d'imigh rompu, agus fís ag na mná óga seo gairm bheatha a bhaint amach dóibh féin. D'fhéadfadh an chomhthéacs seo atá ag athrú dul i bhfeidhm ar an dóigh a nglacann bean óg leis an scéal go bhfuil sí ag iompar clainne. Is mó an tionchar a bheidh aige seo ar mhná a bhfuil leibhéil ardaithe oideachasúil acu agus a bhfuil poist acu. Rachaidh an Ghníomhaireacht i ngleic leis na

10 Conlon, C. (2006). Concealed Pregnancy: A case-study approach from an Irish setting. Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.15. Baile Átha Cliath

11 Rundle srl. (2004). Staidéar ar Fhrithghinúint agus ar Thoirchis Ghéarchéime na hÉireann [ICCP/SFTHÉ]. Suirbhé ar an Daonra i gCoitinne. Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.7. Baile Átha Cliath.

12 srl. (2006). The Irish Study of Sexual Health and Relationships / Staidéar Éireannach ar Shláinte agus ar Chaidhrimh Ghnéis. Tuarascáil de chuid na Gníomhreachta um Thoirchis Ghéarchéime agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Baile Átha Cliath

13 O'Keeffe srl. (2005). Tuarascáil Staitisticeach de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime 2005. Tuarascáil Staitisticeach CPA/GTG Baile Átha Cliath

Tosca a chuireann le toircheas géarchéime

Is minice a bhreathnaítear ar thoircheas mar ghéarchéim nuair is toircheas neamhphleanáilte é.

I suirbhé an ICCP, dúirt 41% de na mná agus 39% de na fir a ndeacaigh trí thoircheas géarchéime gur chúis ghéarchéime é toisc é bheith gan súil (beag bean ar aois an duine nó ar thoradh an toirchis).

De réir thoradh an thoirisc agus aois na mná bhí difear idir na fáthanna breise a tugadh mar mhíniú ar an chaoi a mbreathnaítear ar thoircheas mar chúis ghéarchéime; mar shampla, thug na mná a roghnaigh an tuismitheoireacht mar fháthanna, go raibh siad ró-óg(21%) nó nach raibh siad pósta.

Ba dóchúla do rannpháirtithe óga(18-25 bliana d'aois) a chur in iúil gurbh é an ábhar go raibh siad ró-óg(71%) nó go raibh eagla orthu roimh an dóigh dhiúltach a rachadh a scéal i bhfeidhm ar a gclann(32%) a ba chúis leis an ghéarchéim.

Mhínigh siad siúd a raibh an ginmhilleadh mar thoradh ar a dtoirchis go raibh na cúiseanna seo a leanas leis an ghéarchéim: deacrachtaí caidrimh(23%), nár mhaith leo an leanbh(23%), iad a bheith ró-óg(22%) nó tiomantais don scoil/coláiste(16%). Labhair na mná sin a roghnaigh nó a bhreithnigh uchtáil ar na hábhair imní chéanna. Do na mná sin thar 36 bliana d'aois ba iad a ndóthain de chlann a bheith acu (21%) nó deacrachtaí leighis (19%) a ba chúis leis an ghéarchéim

Léiríonn taighde cháilíochtúil arís is arís eile gur mór an tionchar ag tosca a bhaineann le gairm bheatha, oideachas agus fostaíocht ar mhná agus iad ag déanamh cinnidh i gcásanna toirchis ghéarchéime[14 15]. Déanann mná measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leanbh ar a gcuid deiseanna oideachasúla agus gairm bheatha.

Ba ábhar coiteann imní é i measc na mban óg ach go háirithe go mbeadh sé dodhéanta gairm bheatha agus clann a bheith acu ag an am chéanna. Agus ionchas linbh á mheas, Is iad na hábhair imní is mó a bhaineann le fostaíocht ná easpa ama don chlann agus don phost agus costas chúram leanaí.

Gnéis agus úsáid frithghinúina

D'aimsigh taighde an CPA gur admhaigh formhór na lánúin nach raibh an fhrithghiniúint in úsáid acu nuair a tharla an géarchéim.

D'fheabhsaigh taighde a choimisnigh an Ghníomhaireacht an tuiscint ar an fáth a mbíonn caidreamh collaí gan chosaint ag lánúineacha nuair nach mian leo leanbh mar thoradh air. Is é atá ag éirigh as an eolas nua seo, ná an tábhacht a bhaineann leis an dóigh a n-imríonn tosca éagsúla ról i gcosc an toirchis ghéarchéime a aithint: tosca ar nós ceisteanna chaidrimh, fáil ar fhrithghiniúint, eolas ar shláinte ghnéis agus frithghiniúint agus creidimh phearsanta. Ina theannta sin, is féidir próifil a dhéanamh ar agus dírú isteach ar spríocghrúpaí atá i mbaol.

D'aimsigh suirbhé an ICCP na níthe seo a leanas:

- Dúirt 62% de na mná agus 56% de na fir nach raibh frithghiniúint in úsáid acu nuair a tharla an toircheas, toisc nach raibh caidreamh collaí pleanáilte acu nó nach raibh siad ullmhaithe. Alcól nó úsáid drugaí a ba chúis gan frithghiniúint a úsáid de réir 17% de na mná agus 26% de na fir.
- Ina measc siúd a d'úsáid frithghiniúint, d'úsáid an chuid is mó acu an coiscín nó an piollaire. Dúirt 14% de na mná agus 16% de na fir gur úsáid siad "aistarraingt" mar mhodh frithghiniúna. Dúirt 31% de na mná agus 20% de na fir nach raibh a fhios acu cén fáth ar theip ar an mhodh roghnaithe: dúirt 43% de na mná agus 33% de na fir gur theip ar an choiscín nó ar an phiollaire.
- Níor dhúirt ach 10% de na mná agus 5% de na fir ar tharla géarchéim toirchis dóibh gur úsáid siad frithghiniúint ghéarchéime chun toircheas a chosc i ndiaidh dóibh caidreamh collaí gan chosaint a bheith acu. Ba é an chreidiúint nach n-éireodh siad torrach an phríomhchúis gan frithghiniúint ghéarchéime a úsáid (31%). Tá sé seo cosúil le torthaí eile a thugann le tuiscint go bhféadfadh mná gannmheas a dhéanamh ar a dtorthúlacht féin agus ar ndóthúlacht toirchis. Mar sin de, ní bhacann siad le céimeanna breise a ghlacadh chun toircheas a chosc nuair a theipeann ar a modh frithghiniúna roghnaithe.
- Níor úsáid 10% dóibh siúd faoi 45 bliana d'aois agus nach raibh ag iarraidh go n-éireoidh siad torrach frithghiniúint nuair a bhí an caidreamh collaí is déanaí acu.

Léirigh suirbhé an ISSHR nár úsáid 30% de mhá nó d'fhir coiscín nuair a bhí an caidreamh collaí deireanach acu: agus é seo le páirtí a raibh siad go díreach i ndiaidh bualadh leo nó nach raibh buanchaidreamh acu leo.

Dúirt formhór acu siúd nár úsáid coiscín le linn na hócáide ghnéis is deanaí acu go ndearna siad seo de bharr gur chreid siad nach raibh galar gnéas-tarchurtha(STI) ag an pháirtí. Dúirt 14% dóibh siúd a bhí go díreach i ndiaidh bualadh lena bpáirtí nó a raibh aithne acu orthu ach nach raibh caidreamh acu leo: dúirt siad go raibh muinín acu as stádas STI a bpáirtí.

14 Murphy-Lawless, J., Oaks, L. & Brady, C. (2004). Understanding how sexually active women think about fertility, sex and motherhood. Tuiscint ar bharúlacha na mban atá i mbun gnéis ar thorthúlacht, ar ghnéis agus ar mháithreachas Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.6. Baile Átha Cliath.

15 Mahon, E., Conlon, C. & Dillon, L. (1998). Women and Crisis Pregnancy/ Mná agus Toirchis Ghéarchéime. Tuarascáil de chuid na Gníomhreachta um Thoirchis Ghéarchéime agus na Roinne Sláinte agus Leanaí.

Daoine i mbaol toirchis ghéarcheime

Is iad is mó atá i mbaol toirchis ghéarchéime ná: daoine óga idir 18 agus 24 bliana d'aois, daoine a mbíonn an chéad chaidreamh collaí acu roimh 17 bliana d'aois a, mná idir 35agus 44 bliana d'aois agus daoine ar leibhéal íseal socheacnamaíoch agus/nó a bhfuil gnóthúlacht íseal oideachasúil acu.

D'aimsigh taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil grúpaí atá i mbaol toirchis ghéarchéime agus na príomhchúiseanna atá leis. Tugann sé seo léargas tábhacht ar an chaoi go bhfuil úsáid neamhréireach frithghiniúna fós mar dhlúthchuid d'iompair ghnéis in Éireann.

I measc na bpríomhghrúpaí i mbaol tá:

- **Daoine óga idir 18 agus 24 bliana d'aois**

  Is iad is mó atá i mbaol toirchis ghéarchéime ná: daoine óga idir 18 agus 24 bliana d'aois, daoine a mbíonn an chéad chaidreamh collaí acu roimh 17 bliana d'aois a, mná idir 35agus 44 bliana d'aois agus daoine ar leibhéal íseal socheacnamaíoch agus/nó a bhfuil gnóthúlacht íseal oideachasúil acu

- **Daoine a raibh an chéad chaidreamh collaí acu roimh 17 bliana d'aois**

  Tugann taighde cainníochtúil le tuiscint go bhfuil baint láidir ag céadchaidreamh collaí luath (Roimh 17 bliana d'aois) le baol ardaithe toirchis gan súil agus le tógáil STIeanna [16]. Tá dlúthbhaint ag céadchaidreamh collaí ag aois óg agus dúthálacht úsáid frithghiniúna ag ócáid an chéad chaidrimh. Is mó faoi 70% an dúthálacht go mbeidh toircheas géarchéime ag na mná sin a raibh caidreamh collaí faighne acu roimh 17 bliana d'aois agus is mó faoi thrí an seans go mbeidh ginmhilleadh acu. Léiríonn taighde cáilíochta gur minic a bhíonn daoine óga trína chéile maidir leis an aois cheart chun caidreamh collaí a bheith acu agus gur ar mhaithe lena gcairde agus lena bpáirtí a shásamh a éiríonn siad gníomhach go gnéasach[17 18].

- **Mná idir 35 agus 44 bliana d'aois**

  Aimsíodh príomhghnéithe riosca don ghrúpa ban seo. Ina measc tá: défhiús i dtaca le toircheas de(fiú amháin ina measc siúd a deir nach bhfuil siad ag iarraidh a bheith torrach), drochúsáid frithghiniúna i gcomparáid le grúpaí atá níos óige, drochleibhéil eolais ar thorthúlacht agus dearcaidh dhiúltacha i leith an phiollaire frithghiniúna. Chomh maith leis sin tá dearcadh gan tacaíocht i measc chohórt na mban seo go bhfuil an sos míostraithe orthu- dá bhar sin ní úsáideann cuid mhór de na mná seo modh ar bith frithghiniúna

- **Daoine ar leibhéal íseal socheacnamaíoch agus/nó a bhfuil gnóthúlacht íseal oideachasúil acu.**

  Aimsíodh tréithe a chothaíonn iompraíocht bhaolach i gach aon chuid den sochaí; ach ba iad na grúpaí faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta nó a raibh teagmháil teoranta acu leis an chóras foirmiúil oideachais ba mhó a bhí i mbaol na gcúiseanna baolacha i dtaca le iompraíocht ghnéis agus úsáid frithghiniúna. Tá baint ag leibhéil ísle SES agus le gnóthúlacht íseal oideachasúil le céadchaidreamh collaí luath (roimh 17 bliana d'aois) agus cothaíonn sé seo cuid mhór torthaí diúltacha gnéis.

An tacaíocht agus na seirbhísí atá de dhíth ar bhean a bhfuil géarchéim toirchis aici

Tugann an taighde [19 20 21] le tuiscint gur cuid de na mná féin a réitíonn a gcuid fadhbanna i dtaca le toircheas géarchéime. Bíodh sin mar atá, bíonn formhór na mban ag brath ar dhaoine eile: páirtithe, baill chlainne, daoine gairmiúla nó ar chairde. Tacaíocht páirtithe é nó tacaíocht bhall chlainne an rud ba thábhachtaí den chuid is mó de na mná agus de na fir. Tuigeann mná go bhfuil ról soiléir ag scileanna chomhairleora cé nach n-úsáideann formhór acu siúd a bhfuil toirchis ghéarchéime (trí cheathrú cuid acu) acu seirbhísí comhairliúcháin

Tugann an taighde le tuiscint go bhfuil mná ann nach bhfuil in ann comhairle a aimsiú, agus tarlaíonn sé seo go minic nach bhfuil a fhios acu cén áit ar chóir dóibh dul le haghaidh cuidithe nó nach bhfuil siad in ann seirbhís chomhairleach a aimsiú a chuireann an saghas cuidithe atá uathu ar fáil. Bhí mná eile an a dúirt nach raibh siad sásta comhairle a lorg toisc nár shíl siad go mbeadh sé ina chuidiú dóibh nó toisc go raibh siad buartha go mbeadh orthu roghanna a chur san áireamh a dhiúltaigh siad cheana féin .

Bhí mná ann a bhí den tuairim gurb é an chomhairleoir an t-aon duine amháin a raibh siad in ann labhairt leis.

16 Layte srl. (2006). The Irish Study of Sexual Health and Relationships / Staidéar Éireannach ar Shláinte agus ar Chaidhrimh Ghnéis. Tuarascáil de chuid na Gníomhreachta um Thoirchis Ghéarchéime agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Baile Átha Cliath

17 Mayock, P. & Byrne, T. (2004). A Study of Sexual Health Issues, Attitudes and Behaviours: The Views of Early School Leavers. Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.8. Baile Átha Cliath.

18 Hyde, A. & Howlett, E. (2004) Understanding Teenage Sexuality in Ireland. Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.9. Baile Átha Cliath.

19 Conlon, C. (2005). Mixed Methods Research of Crisis Pregnancy Counseling and Support Services. Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.12. Baile Átha Cliath.

20 Loughran, H. & Richardson, V. (2005). Mixed Method Adoption Research. Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.15. Baile Átha Cliath.

21 Nic Gabhainn, S. & Batt, V. (2004). Crisis Pregnancy Counselling in Ireland; A summary of research on crisis pregnancy counseling to inform the development of the strategy to address the issue of Crisis Pregnancy. Tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime Uimh.4. Baile Átha Cliath.

Ba mhó an tábhacht ag ról na comhairleora nuair a tharla easaontas maidir le dearcach na mná i réiteach na faidhbe idir í féin agus dearcadh na clainne nó a páirtí, nó nuair a ba mhian leis an bhean mothúcháin dhiúltacha a chur in iúil maidir leis an toircheas a shíl sí nach mbeadh sí in ann a roinnt le duine ar bith eile. Bhí sé níos tábhachtaí do chuid mhór bean a bheith ábalta labhairt go hoscailte agus faoi rún ná dul fríd na roghanna a bhí ar fáil. Ba mhinic gur taobh amuigh den phróiseas chomhairleach a rinne mná cinneadh;

Chuidigh an chomhairleoireacht leis na mná seo dul i dtaithí leis an gheit tosaigh a thagann le toircheas nach bhfuil súil leis, nó chuir sé cuidiú nó tacaíocht praiticiúil ar fáil.

Éisteoir tacaíochta" ba mó a bhí ó mhná nuair a ceistíodh iad faoina a raibh uathu ó sheirbhís chomhlairleach. I measc na níthe eile a bhí de dhíth ar mhná diomaite de thoradh an toirchis bhí: " gach rogha a phlé" "cuidiú le cinneadh a dhéanamh". Labhair mná eile ar an tábhacht le freagairt neamhbhreithiúnach don toircheas agus ar leanúnachas tacaíochta le linn agus i ndiaidh an toirchis.

I gcomhthéacs na comhairleoireachta, ba mhian leis na mná siúd a roghnaigh ar leanúint ar aghaidh leis an toircheas eolas ar chúram toirchis (44%), eolas ar thacaíocht tuismitheoireachta,(40%), agus cuidiú le cur in iúil do dhaoine eile. Is cuid thábhachtach í ról an comhairleora daoine eile a chur ar an eolas toisc go gcuireann sé mná in dteagmháil le tacaíocht clainne, cairde agus páirtnéirí; rud atá fíorthábhachtach dóibh.

Sa dóigh is go gcuirfear an seirbhís chomhairleach is fearr dá bhfuil ann ar fáil do mhná a dtarlaíonn géarchéim toirchis dóibh, molann an taighde go ndíríonn cibé feabhais a dhéanfar ar na réimse seo a leanas:

- Ardú íomhá agus teacht ar sheirbhísí
- Cur in iúil go soiléir an saghas tacaíochta a chuireann gach seirbhís chomhairleach ar fáil.
- Atreorú éifeachtach ban chuig seirbhísí tacaíochta eile

Ag leibhéal riaracháin aithníodh leagan síos caighdeán, traenáil a rialú agus prótacail a fhorbairt mar réimsí atá le forbairt.

Tacaíochtaí Iar-Ghinmhillte

Tá réimse seirbhísí de dhíth chun tacú le mná a raibh ginmhilleadh acu. Moltar do gach bhean scrúdú leighis iar-ghinmhíllte a fháil taobh istigh de dhá sheachtain ó ghinmhilleadh a bheith aici. I ndiaidh dóibh filleadh go hÉireann, freastalaíonn mionlach na mban le haghaidh scrúdú leighis iar-ghinmhillte sna seirbhísí toirchis ghéarchéime. Tugann Chomhairle Dochtúirí Leighis na hÉireann le tuiscint go gcuireann 95% de GP's cúram leighis ar fáil i ndiaidh ginmhillte. Níl sé soiléir cá mhéad bean a fhreastalaíonn ar chlinicí leighis lena haghaidh seo.

Tugann an straitéis seo breac-chuntas ar thionscadail chun líon na mban a fhreastalaíonn le haghaidh scrúdaithe iar-ghinmhillte a mhéadú.

Deir cuid mhór bean a raibh ginmhilleadh acu nach mbíonn torthaí diúltacha síceolaíochta acu ina dhiaidh. Tugann sonraí ó sholáthraithe seirbhísí chomhairle iar-ghinmhillte in Éirinn le tuiscint gur beag an ráchairt ar a leithéid de sheirbhís. Féadann cuid de na mná, áfach, fulaingt de bharr torthaí diúltacha síceolaíochta. Cé go bhfuil cuid mhór den litríocht a dhéanann scagadh ar riachtanais síceolaíochta na mban iar-ghinmhillte conspóideach agus fadhbach ó thaobh modheolaíochta de, tá sé ríthábhachtach a thuiscint cad hiad na nithe a chothaíonn torthaí diúltacha. Tugann an litríocht taighde le tuiscint gurb iad siúd nach bhfuil tacaíocht síceolaíochta clainne nó páirtí acu, iad siúd a bhfuil fadhbanna síceolaíochta acu cheana féin, iad siúd a bhfuil a gcreideamh féin nó creideamh a dtimpeallachta shóisialta in éadan ginmhillte agus iad siúd atá in amhras faoi ghinmhilleadh. is mó atá i mbaol torthaí diúltacha. Chomh maith leis sin, tá siad siúd a bhí sásta a bheith ag iompar clainne agus a chaill an leanbh de bharr éalang féatais, mar shampla, i mbaol torthaí diúltacha síceolaíochta. Díríonn an straitéis seo ar na himpleachtaí do chaighdeáin chúraim in obair leighis agus comhairleoireachta iar-ghinmhillte agus ar an ghá le tuiscint ar na seirbhísí atá ar fáil do mhná a mhéadú.

Athruithe a rachaidh i bhfeidhm ar an straitéis

Mhúnlaigh an timpeallacht seachtrach athraitheach forbairt na straitéise seo agus cuireann sé roinnt dúshlán a rachaidh i bhfeidhm ar a cur i bhfeidhm mar straitéis sna cúig bliana atá romhainn.

Dearcaidh athraitheacha ghnéis agus iompar i measc dhaoine an aosa níos óige

Léiríonn taighde coimisiúnaithe ag an Ghníomhaireacht athruithe suntasacha ar dhearcaidh ghnéis agus iompar i measc dhaoine óga le himeachta aimsire. [22] Is soiléire i bhfad na hathruithe seo do mhná. Mar shampla, i measc an aosa níos sine bíonn difríochtaí suntasacha i ndearcadh agus in iompar idir mná agus fir den aois chéanna, agus dearcaidh níos traidisiúnta ag mná i gcomparáid le fir. Sa lá atá inniu ann, tá dearcadh níos oscailte ag fir agus mná óga ná glúin níos sine agus tá dearcadh agus iompar ban agus fear níos cóngaraí dá réir.

Bíonn caidreamh collaí don chéad uair ag i bhfad níos mós daoine óga faoi aois 17, agus bíonn baint aige seo le torthaí diúltacha sláinte gnéis msh. Toircheas Géarchéime, STI agus Ginmhilleadh. Cé go mbaintear úsáid as frithghiniúint go forleathan i measc dhaoine óga agus go bhfuil ráta breithe i measc dhéagóirí measartha cobhsaí le fiche bliain anuas, ní leor iad na tréithe seo le cosaint in éadan STI ná toircheas nár beartaíodh..

Lámh ar láimh leis na tréithe seo tá athrú suntasach i gcur i láthair gnéis i gcultúr pobail. Cúis mhór fadhbanna é do go leor daoine óga ag iarraidh teorainneacha gnéis a phlé agus a thuiscint i gcultúr a éascaíonn agus a thráchtearraíonn gnéas. Aois thábhachtach a bhíonn ann do dhaoine óga agus maidir lena n-ionannas gnéis a mhúnlú, agus is féidir leis an íomhá ó na meáin tionchar diúltach a bheith aige ar fhorbairt ghnéasach agus chognaíoch [23].

Léiríonn taighde go comhsheasmhach nach ionann eolas an aosa óig ar shláinte agus chaidrimh ghnéis agus na hathruithe ar dhearcaidh agus iompar. Tuairiscíonn an t-aos óg nach mbíonn siad sásta le méid ná le cáilíocht an oideachais ghnéis a thugtar sa bhaile, ar scoil agus níos forleithne. Cé go nochtar mná óga go méadaitheach d'fhoirm éigin d'oideachas gnéis, ní nochtar fir óga de seo ar an leibhéal chéanna[24].

Impleachtaí don Ghníomhaireacht

Ghlac An Ghníomhaireacht na tosca seo san áireamh agus bhunaigh sí cuid mhaith den straitéis agus pleananna as seo amach orthu. Ba mhaith leis An Ghníomhaireacht seo a leanas a chinntiú ina cur chuige:

- Go mbíonn go leor eolais agus oideachais d'ardchaighdeán ag déagóirí óga ionas nach mbeidh caidreamh collaí acu go mbíonn sé réidh go fisiceach agus go maoithneach faoina choinne.
- Go mbeidh tuismitheoirí níos cumasaí chun oideachas cuimsitheach agus éifeachtach ar chúrsaí gnéis a thabhairt dá gcuid páistí.
- Go gcuirtear i bhfeidhm níos treise ar chaidrimh ar scoil agus oideachas ar chúrsaí gnéis atá cuimsitheach, ábhartha agus ar a bhfuil fócas soiléir ar fhéinmhuinín, dhéanamh cinntithe agus scileanna a bhaineann leis an saol.
- Go mbíonn feabhas ar oideachas ar chúrsaí gnéis a chur ar fáil do bhuachaillí i réimsí áirithe.
- Gur féidir le saineolaithe ar shláinte gnéis an dúshlán a láimhseáil ar chun cinn úsáid éifeachtach frithghiniúna.
- Go mbíonn teacht níos fusa ar fhrithghiniúint, go háirithe do ghrúpaí gan chosaint. Beidh géarghá le comhpháirtíocht leis An Roinn Sláinte agus Leanaí, an HSE/FSS agus lucht soláthraithe sheirbhísí sláinte (go háirithe DG agus Clinicí Pleanála Teaghlaigh) leis an dúshlán seo a thabhairt.

Neamhionannas Sláinte

Taispeánann fianaise taighde go bhfuil daoine a bhfuil stádas íseal socheacnamaíoch (SES) acu i mbaol leibhéil níos ísle eolais ar shláinte gnéis agus torthaí níos measasláinte gnéis[25]. Is aidhm uileghabhálach í de

22 Layte srl. (2006). The Irish Study of Sexual Health and Relationships / Staidéar Éireannach ar Shláinte agus ar Chaidhrimh Ghnéis. Tuarascáil de chuid na Gníomhreachta um Thoirchis Ghéarchéime agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Baile Átha Cliath

23 American Psychological Association. (2007). Report of the APA Task Force on the Sexualization of Girls. APA.

24 Mayock, P. , Kitching, K. & Morgan, M. (2007). Relationships and Sexuality Education (RSE) in the Context of Social Personal and Health Education -An Assessment of the Challenges to the Full Implementation of the Programme in Post-primary Schools. An Ghníomhaireacht um Thoirchis ghéarchéime agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Cliath.

25 Layte srl. (2006). The Irish Study of Sexual Health and Relationships / Staidéar Éireannach ar Shláinte agus ar Chaidhrimh Ghnéis. Tuarascáil de chuid na Gníomhreachta um Thoirchis Ghéarchéime agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Baile Átha Cliath

pholasaithe sláinte poiblí, ar bhonn idirnáisiúnta, dul i ngleic le neamhionannais sláinte.

Impleachtaí don Ghníomhaireacht

Ní foláir don ghníomhaireacht a chinntiú go gcuireann imeachtaí agus cláir, a bhfuil mar aidhm acu oideachas gnéis agus seirbhísí frithghiniúna a chur chun cinn agus a fhorbairt, go gcuireann siad grúpaí íseal SES agus iad siúd faoi mhíbhuntáiste oideachasúil san áireamh ach go háirithe. Ní mór, fosta, an costas a chur san áireamh mar thoisc a bhfuil tionchar aige ar úsáid frithghiniúna i measc fir óga agus mná óga, go háitithe ina measc siúd ar ísealioncaim. Cibé tograí nó tionscadail idirghabhála a chuirtear i gcrích chun oideachas gnéis agus dea-chleachtas frithghiniúna a fhorbairt, caithfidh siad a bheith bunaithe ar an dóigh a dtéann stádas íseal socheacnamaíoch i bhfeidhm ar éifeacht na dtograí sin. Ní foláir do thionscadail idirghabhála a bheith bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.

Ileitneachas agus Lucht Iarrtha Tearmainn

Tháinig méadú gan fasach ar líon na n-inimirceach ag teacht isteach go hÉireann sa tréimhse ó lár na nóchaidí ar aghaidh. Sna deich mbliana idir 1995 agus 2005[26] tháinig níos mó ná 54,000 duine isteach sa tír mar inimircigh (lucht iarrtha tearmainn mionlach acu). Meastar gur taobh amuigh den tír a rugadh 10% ar a laghad de dhaonra na tíre i láthair na huaire, agus gur de bhunadh tíortha a bhfuil teangacha agus cultúir difriúla acu cuid mhór acu.[27]

Ciallaíonn sé seo go bhfuil an daonra inimirceach anois ag dul i dtreo pobail bhunaithe, cé go bhfuil sé ag síorathrú, agus glún óg ag teacht chun cinn atá ag freastal ar scoileanna na tíre agus ag imirt ról rannpháirteach i saol na tíre.

Toisc gur treocht le déanaí í, seo is beag taighde atá déanta ar an tionchar atá ag athruithe i ndéantús an daonra ar phróifíl an toirchis ghéarchéime. Is beag taighde a rinneadh ar dhearcaidh an daonra inimircigh ar thoircheas géarchéime nó ar thorthaí an toirchis ghéarchéime do mhná sa phobal seo maidir leis an líon acu a shocraíonn ar an pháiste a choinneáil, ar an pháiste a chur ar fáil le haghaidh uchtála nó ar dheireadh a chur leis an toircheas.

Is inimircigh eacnamaíoch iad formhór na n-inimirceach go hÉireann. Níl líon na n-inimirceach go hÉireann ó bhí 1995 ann ar iarrthóirí tearmainn iad níos mó ná 10% . Meastar go bhfuil 6,000 duine anois sa phróiseas tearmainn. Tá sé tugtha faoi deara ag na húdaráis go bhfuil athrú tagtha ar inscne agus ar bhunús na n-iarrthóirí tearmainn le déanaí, le méadú ar líon na bhfear aonair ag dul isteach sa phróiseas. Ar theacht isteach d'iarrthóir tearmainn cuirtear tacaíocht leathan ar fáil dóibh, scagadh sláinte agus intreoir do Sheirbhís Sláinte na hÉireann san áireamh.

Impleachtaí don Ghníomhaireacht

Caithfidh an Gníomhaireacht a dheimhniú go bhfuil tuiscint iomlán aici ar thoradh agus ar impleachtaí sochaí ilchultúrtha ar thoircheas géarchéime, ar a phróifíl agus ar a chúiseanna. Mar sin de, is mó an tábhacht don Ghníomhaireacht í athbhreithniú a dhéanamh ar an taighde atá ann faoi láthair, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus saintaighde a choimisiniú nuair is gá. I dtaca le hiarrthóirí tearmainn de, is féidir leis an Ghníomhaireacht cuidiú le comhlachtaí reachtúla agus le heagraíochtaí deonacha chun eolas ar shláinte gnéis a sholáthar. Is féidir é seo a dhéanamh leis na cláir agus na háiseanna sláinte atá ann cheana a fheabhsú.

Forbairtí sna Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide. (ICT)

Tá tábhacht na teicneolaíochtaí digiteacha i saol an duine in Éireann an lae inniu ag fás agus ag méadú[28]; teicneolaíochtaí ar nós an idirghréasáin, ríomhphoist, teachtaireachtaí móibíleacha, teachtaireachtaí meandaracha, cluichí físeáin, blaganna agus suíomhanna pearsanta idirghréasáin. Tá na bealaí craoltóireachta traidisiúnta, ar nós na teilifíse, an phreasa agus an raidió ag dul i laghad.[29] Tá an t-aos óg ach go háirithe i ndiaidh dul in inmhe do shaol atá ag síorathrú, agus an teicneolaíocht á húsáid acu chun féiniúlachtaí a chruthú agus chun teagmháil a dhéanamh "i gcruthanna díchollaithe"[30]

Is cinnte go gcothaíonn an rochtain seo deiseanna forbartha agus nuálaíochta. Is mór an fonn foghlama ar dhaoine óga agus cuireann an teicneolaíocht áiseanna gan deireadh ar fáil. [31] Ach, ní gan baol atá luas na forbartha i gcúrsaí cumarsáide agus an idirghníomhaíocht

26 Rundle srl. (2006). Children's and young people's experiences of immigration and integration in Irish society. http://www.ucc.ie/academic/geography/pages/migrant_children.htm
27 An Phríomh-Oifig Staidrimh (2006). Daonáireamh 2006: Persons resident in Ireland and present in the population by nationality 1996 – 2006. CSO, Corcaigh.
28 Oifig um Chumarsáide (2006). Iniúchóireacht Inniúlacht Cumarsáide: Inniúlacht Cumarsáide i measc Leanaí. An Ríocht Aontaithe.
29 Nielsen 2005. Joint National Listenership Research: Figures for 2005.
30 Hoffman, L. (1999). Gender, Sex and Sexuality. http://www.csa.com/discoveryguides/archives
31 Willet, R. (2005). New Models of Learning for New Media: Observations of Young People Learning Digital Design. http://www.childrenyouthandmediacentre.co.uk/publications.asp

gan stad a thagann mar thoradh air. Is fíor seo ach go háirithe do dhaoine óga a mbeadh fáil acu ar ábhar neamhfhoirsteanach dá n-aois nó atá míchruinn.

Is gá measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le easpa rialacháin, easpa bacanna agus teorainneacha maidir le foinsí agus le saghasanna eolais atá ar fáil agus ar a dtionchar ar eolas agus ar iompraíocht.

Impleachtaí don Ghníomhaireacht

Tá sé ríthábhachtach go gcionníonn an Ghníomhaireacht suas chun dáta le forbairtí ICT sa dóigh is go mbeidh sé in ann na módhanna cumarsáide is éifeachtaí agus is nualaí a úsáid chun teagmháil a dhéanamh lena lucht éisteachta. Beidh eiseamláirí nua cumarsáide agus forbairtí ICT go mór chun tosaigh i bhfeidhm chumarsáide an chomhlachais.

Chun dul i ngleic le foinsí agus le tionchair eolais atá ag dul i méid i rith an ama, beidh ar an Ghníomhaireacht leanstan ar aghaidh lena fhorbairt mar fhoinse iontaofa eolais maidir le sláinte gnéis agus toircheas géarchéime.

Bainfidh an Gníomhaireacht úsáid ar leith as a láithreacht idirlín chun gníomhú in aghaidh eolais mhíchruinn maidir le frithghiniúint agus nithe a bhaineann le toircheas géarchéime

Leasaithe sa Seirbhís Sláinte

Is de thoradh ar athchóiriú radacach na seirbhísí sláinte atá an Ghníomhaireacht ag feidhmiú i gcomhthéacs nua. Díríonn an Roinn Sláinte agus Leanaí ar mhórchreatlach riaracháin, reachtach, polasaí, airgeadais agus freagrachta a sholáthar don earnáil sláinte. Bunaíodh Oifig an Aire Leanaí chun polasaí i dtaca le seirbhísí do leanaí a chomhtháthú agus chun tógáil ar a bhfuil curtha i gcrích ag an Straitéis Náisiúnta i leith Leanaí. Is mó an fócas anois ar éifeachtacht, ar leanúnachas, ar ardchaighdeán agus ar chríochnúlacht sna seirbhísí sláinte mar gheall ar fhorbairt an chórais aonadach soláthair le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. Is é an tÚdarás um Ardchaighdeán agus Eolas Sláinte(HIQA) a bheidh i mbun forbairt bunús láidir saineolas sláinte le haghaidh cinnteoireachta

Impleachtaí don Ghníomhaireacht

Ag eascairt as an athchoiriú, tá buntáistí suntasacha ann dóibh siúd atá ag feidhmiú san earnáil sláinte, maidir le pleanáil náisiúnta, le struchtúirí soláthair iomlánaíoch agus comhtháite, le measúnú riachtanasbhunaithe agus le freagracht. Ní mór don ghníomhaireacht a chuid pleananna agus imeachtaí a chomhtháthú chun dúbailt a sheachaint, chun éifeachtaí a mhéadú agus chun teacht le aidhmeanna náisiúnta. Tugann athchóiriú deis chun tionchar a chur ar pholasaí i ndóigh comhtháite agus bheith ag comhoibriú ar chomhthionscadail.

Polasaithe Náisiúnta

Taispeánann an Plean Forbartha Náisiúnta: *Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All* an bealach atá romhainn chun aidhmeanna eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach thar thréimhse seacht mbliana. Tugann an Plean breac-chuntas ar an dóigh a ndéanfar infheistíocht in eochairearnálacha; trí cinn a bhfuil idirghaol díreach acu leis an ghníomhaireacht agus a bhfuil poitéinseal acu tionchar a imirt ar obair na gníomhaireachta . Is iad na príomh-earnálacha atá i gceist ná: Caipiteal Daonra, Infreastrúchtúr Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta. Tá frámaíocht saolré in úsáid ag an Chomhaontú Comhpháirtíocht Shóisialta Deich mBliana Towards 2016/ I dTreo2016, a bhunaíonn seirbhísí poiblí ar riachtanais na ndaoine agus iad ag réanna éagsúla ina saoil – leanaí, daoine óga, daoine in aois oibre, daoine anonn in aois srl. Is iad réanna leanaí, daoine óga agus daoine in aois oibre na réanna ábhartha atá aitheanta ag an ghníomhaireacht. Tá baint ar leith ag an Straitéis Náisiúnta Leanaí le obair na gníomhaireachta; straitéis a dhíríonn ar chomhchuíbhiú polasaithe a bhfuil tionchar acu ar leanaí i réimsí éagsúla.

Impleachtaí don Ghníomhaireacht

Beidh ar an Ghníomhaireacht a chuid áiseanna a úsáid le dul i bhfeidhm ar fhorbairt agus ar chur i gcrích polasaithe sna réimsí sin a bhaineann lena shainúdáras. I dtaca leis seo, tá sé tábhachtach go mbainfidh an Ghníomhaireacht an chuid is fearr as ghealtannais a rinneadh agus go mbeidh ról lárnach aici i gcur i gcrích stráitéisí náisiúnta a bhfuil tionchar acu ar shainúdárais na gníomhaireachta. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh ionchur ag an Ghníomhaireacht i bhforbairt straitéisí náisiúnta a bhfuil idirghaol acu lena chuid oibre amach anseo.

An Chomhthéacs Reachtaíochta

I measc na bhforbairtí reachtaíochta a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an ghníomhaireachta tá reachtaíocht a bhaineann le cearta an leanaí agus reachtaíocht a bhaineann le haois toilithe.

Impleachtaí don Ghníomhaireacht

Ní mór don Ghníomhaireacht é féin a choinneáil suas chun dáta maidir le forbairtí reachtaíochta agus réamhullmhú a dhéanamh do phleananna le haghaidh nithe atá ag teacht chun cinn.

STRAITÉIS

Cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha

Díríonn an Straitéis um Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime 2007 – 2011 ar thrí chuspóir lárnach, díorthaithe as a mandáidí:

Cuspóirí

i. Líon na dtoircheas géarchéime a laghdú.

ii. Líon na mban a roghnaíonn ginmhilleadh mar thoradh toirchis ghéarchéime a laghdú.

iii. Meabhairshláinte agus folláine coirp ban a chosaint i ndiaidh deireadh a chur le toircheas.

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Aithníodh seacht dtosaíocht straitéiseacha chun cuidiú leis an Ghníomhaireacht a cuid cuspóirí a chomhlíonadh

i. Eolas ar Chaidrimh agus ar Ghnéasacht d'Ógánaigh: Feabhsuithe intomhaiste a bhaint amach in eolas a bheith ag ógánaigh ar chaidrimh agus ar ghnéasacht trí oideachas-, bhail-, scoil- agus pobalbhunaithe.

ii. Frithghiniúint: Rochtain agus eolas ar fhrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna a fheabhsú – go háirithe do ghrúpaí i mbaol toirchis ghéarchéime.

iii. Cumarsáid: Dul i mbun feachtas éifeachtúil nuálach chun athruithe dearfacha iompair agus cultúir a chur chun cinn maidir lena mana agus lena roghanna agus lena n-iompar gnéasach

iv. Seirbhísí Toirchis Ghéarchéime: Rochtain ar sheirbhísí comhairliúchain toirchis ghéarchéime agus ar sheirbhísí iarghinmhillte leighis agus comhairleoireachta agus seachadadh na seirbhísí sin a fheabhsú.

iv. Leanúint le Toircheas: Feabhsú réimse agus nádúr na dtacaíochtaí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i gcás leanúint le toircheas a dhéanamh tarraingteach. Cinntiú go gcuirfear gach eolas faoi na tacaíochtaí in iúl do mhná, dá gcuid páirtithe agus dá gcuid teaghlach.

vi. Taighde: Tuiscint a threisiú ar thosca rannpháirteacha agus réitigh ar thoirchis ghéarchéime; torthaí taighde a úsáid chun cleachtas a bheidh bunaithe ar fhianaise agus chun forbairt polasaí a chur chun cinn.

vii. Tionchar polasaí: Tionchar a imirt ar lucht déanta polasaí agus ar phríomhpháirtithe i dtaobh toircheas géarchéime a chosc, cinnteoireachta atáirgthe agus torthaí toircheas géarchéime.

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas an réasúnaíocht a bhí mar bhonn agus mar thaca ag gach tosaíocht. Ina dhiaidh sin tá liosta Tionscadal i dtreo Athrú grúpáilte le chéile faoi gach tosaíocht, agus roinnt Eochairtháscairí gaolmhara.

Seacht dtosaíocht straitéiseacha

I. EOLAS AR CHAIDRIMH AGUS AR GHNÉASACHT D'ÓGÁNAIGH

FEABHSUITHE INTOMHAISTE A BHAINT AMACH IN EOLAS A BHEITH AG ÓGÁNAIGH AR CHAIDRIMH AGUS AR GHNÉASACHT TRÍ OIDEACHAS SA BHAILE, AR SCOIL AGUS OIDEACHAS ATÁ POBALBHUNAITHE.

Réasúnaíocht:

Tá ról criticiúil ag an oideachas gnéis chun toirchis ghéarchéime a chosc.

Tá nasc fadbhunaithe idir mianaidhmeanna oideachais, gnóthachtáil oideachais, taithí ar oideachas gnéis, eolas ar shláinte ghnéis agus aois an ghnéis chéaduaire. Aithnítear in Éirinn agus go hidirnáisiúnta go mbíonn baint ag gnóthachtáil oideachais de leibhéal níos airde agus aois an ghnéis chéaduaire níos sine. Bíonn baint ag gnóthachtáil oideachais de leibhéal níos airde agus oideachas gnéis de leibhéal níos airde. Go contrártha, bíonn baint ag gnóthachtáil oideachais de leibhéal níos ísle agus aois chaidrimh chollaí níos óige. Bíonn baint aige seo arís le méadú ar an bhaol ionfhabhtú gnéas-tarchurtha (STI) a tholg agus ar an bhaol go rachaidh an bhean trí thoircheas géarchéime agus ginmhilleadh.

Léiríonn taighde le daoine óga in Éirinn go seasta go mbíonn easnaimh shuntasacha eolais acu i dtaobh sláinte gnéis. Tuairiscíonn daoine óga gur mian leo níos mó oideachais ghnéis a fháil thar raon timpeallachta ach é a bheith níos fearr agus gan é a bheith bunaithe go huile ar ghnéithe bitheolaíochta an ghnéis. Is codanna tábhachtacha de chláir éifeachtúla oideachais ghnéis athrú dearcaidh agus cothú scileanna.

Fiú go bhfuil feabhas ag teacht ar chur i ngníomh an chláir Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) in iar-bhunscoileanna, tá an scéal athraitheach agus 30% de scoileanna á rá nach dteagascann siad OCG sa tríú bliain. Tuairiscíonn roinnt scoileanna go dteagascann siad OCG ach nach seachadann siad gach modúl sa chlár. D'aithin mionchuid de na scoileanna i 2005 go bhfuil feidhm ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES) i measúnú cé acu an raibh an clár á chur i ngníomh nó nach raibh.

D'fhreagair an DES don cheist seo le critéir mheastóireachta OSPS/OCG (Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta) a thabhairt isteach mar chuid de Mheastóireacht Scoile Uile (WSE). Ina theannta sin, mhéadaigh an DES líon na gcigirí atá oilte go sonrach i gcigireacht ábhair OSPS/OCG a dhéanamh, agus tá sé socraithe go dtosóidh a gcuid oibre siúd sa scoilbhliain 2007/8.

Tuairiscíonn daoine óga go bhfeictear an scoil agus an baile mar fhoinsí eolais ar ghnéas agus ar chaidreamh, ach go mbíonn siad ag bráth ar chairde agus ar na meáin faoi choinne an eolais sin. Cé go léiríonn taighde gur féidir le cumarsáid oscailte agus oideachas gnéis ó thuismitheoirí sa bhaile an gnéas céaduaire a chur siar agus cleachtais ghnéis níos sábháilte a mhéadú, ní phléann an chuid is mó d'ógánaigh, buachaillí ach go háirithe, gnéas lena dtuismitheoirí. Fiú go mbíonn an chuid is mó de thuismitheoirí tacúil d'oideachas gnéis agus go n-admhaíonn siad uathúlacht agus tábhacht a róil féin leis an t-eolas seo a sceitheadh, is amhlaidh a bhraitheann cuid mhór acu neamhábalta agus neamhchompordach agus iad ag plé na gceisteanna seo lena gcuid leanaí.

D'fhéadfadh bacainní le hoideachas caidrimh agus gnéasachta a bheith níos géire fós do dhaoine a d'fhág an scoil luath. Rangaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh 12.3% de dhaoine idir 18-24 bliana mar dhaoine a d'fhág an scoil luath i 2006. Is ionann é sin agus 78,000 duine óga go neasach san aoisraon sin. Dearbhaíonn taighde a choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht go bhfuil na daoine a d'fhág an scoil luath leochaileach maidir le torthaí sláinte gnéis, mar ghníomhaíocht ghnéasach luath gan chosaint. Bhunaigh an Ghníomhaireacht líon clár trí Youthreach/Ógtheagmháil agus tríd an Choiste Gairmoideachais chun cuidiú le lucht gairme oideachas gnéis éifeachtúil a sheachadadh do dhaoine a fhágann an scoil luath.

Tá bacainní fosta ag baint leis an chlár a sheachadadh do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu – go háirithe iad siúd faoi mhíchumas intleachta idir éadrom agus meánach. Caithfear a thabhairt san áireamh

deacrachtaí litearthachta agus an gá le modhanna agus cineálacha cur chuige teagaisc a úsáid.

D'fhéadfadh nósanna cultúir agus creidimh dhifriúla éifeacht a bheith acu ar mhodhanna teagaisc oideachais chaidrimh agus ghnéis do dhaltaí a thagann ó phobail inimirceacha.

Tionscadail le haghaidh Athruithe: Chun an tosaíocht straitéise seo a chur i ngníomh, sna chéad cúig bliana eile déanfaidh an Ghníomhaireacht:

1. Cur leis an pháirtíocht atá ann leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun seachadadh níos leithne Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta a bhaint amach (i gcomhthéacs Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) in iar-bhunscoileanna. Oibróidh an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime le comhpháirtithe chun 100% d'iar-bhunscoileanna a chumasú le clár OSPS/OCG a sheachadadh sna chéad cúig bliana eile. Oibróidh na cláir seo leanas leis an ghealltanas seo a chomhlíonadh:
    - Páirtíochtaí a bhunú chun sainghníomhaireachtaí a aithint a fhéadfaidh tacaíocht agus cuidiú a thabairt le OCG a sheachadadh (i gcomhthéacs OSPS) sa seomra ranga. Déanfar iniúchadh ar ról sainghníomhaireachtaí i dtaobh cuidiú le daoine atá ag obair le:
        - Daoine a fhágann an scoil go luath.
        - Daoine óga faoi mhíchumas gineáralta idir éadrom agus meánach.
        - Daltaí a thagann ó phobail inimirceacha.
    - Dul i dteagmháil go foirmiúil le daoine óga, trí scoileanna agus fóraim na n-óg, lena chinntiú go gcloisfear a nguth nuair a:
        - Beidh athbhreithnithe á ndéanamh ar na cláir.
        - Beidh acmhainní á bhforbairt.
        - Beidh tionscnaimh agus tionscadail nua á bhforbairt.
2. Cuidiú le tuismitheoirí oideachas caidrimh agus gnéis a sholáthar do leanaí sa bhaile.
    - Leanúint de scaipeadh 'You can talk to me'/'Is féidir labhairt liomsa', an DVD agus leabhrán do thuismitheoirí faoi labhairt lena gcuid leanaí, agus an Achoimre Taighde do thuismitheoirí ar Ghnéasacht na nÓgánach.
    - Achmhainní nua a fhorbairt (scríofa, ar-líne agus closamhairc) a dhíreoidh ar an fhaisnéis ábhartha is nua agus na scileanna cumarsáide a bheidh riachtanach a sholáthar do thuismitheoirí.
    - Nascadh le comhpháirtí meáin náisiúnta lena chinntiú go scaipfear uile na n-acmhainní ar an phobal is mó is féidir.
    - Nascadh le cúrsaí oiliúna agus líonraí atá ann cheana féin do thuismitheoirí, le haimsiú pobail bhreise a chinntiú.
    - Éifeachtúlacht tionscadal a mheas agus athbhreithniúcháin a dhéanamh dá réir.
3. Aithníodh gá le creidiúnú agus aitheantas foirmiúil múinteoirí OSPS, agus tá gá le bealaí chun seo a chur i bhfeidhm a mheas in éineacht leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Oibreoidh an Ghníomhaireacht leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun féachaint ar na féidearthachtaí maidir le dioplóma iarchéime a fhorbairt i dteagasc OSPS/OCG i scoileanna bunleibhéil agus dara léibhéal. Imscrúdófar fosta riachtanais na bpríomhoidí.

Eocharthóscairí

- Tá feabhas tagtha ar sheachadadh OSPS/OCG agus tá sé méadaithe de réir beartais an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Bearta bunaithe le measúnú a dhéanamh ar a leanas:
    - Leibhéal ionadaíochta bárúlacha daoine óga i bhforbairt chlár, acmhainní agus tionscadal.
    - Glacadh agus úsáideacht acmhainní a forbraíodh chun cuidiú le tuismitheoirí oideachas caidrimh agus gnéis a sholáthar.

II. FRITHGHINIÚINT

ROCHTAIN AGUS EOLAS AR FHRITHGHINIÚINT AGUS AR SHEIRBHÍSÍ FRITHGHINIÚNA A FHEABHSÚ – GO hÁIRITHE DO GHRÚPAÍ i mBAOL TOIRCHIS GHÉARCHÉIME.

Réasúnaíocht:

Bíonn gnéas gan chosaint ag cion suntasach den daonra nach mbíonn ag iarraidh gin a ghabháil, rud a chuireann i mbaol toirchis ghéarchéime nó ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STIs) iad.

Léiríonn méaduithe réamh-mheasta sa daonra i líon na ndaoine in aois 18-25 bliana, i dteannta leibhéal reatha gníomhaíochta ghnéasaí phriaclaí, an gá le heolas níos fearr agus le húsáid frithghiniúna. Os rud é go dteagmhaíonn toirchis ghéarchéime gach aoisghrúpa agus gach grúpa sóisialta, tá gá le cur chuige cuimsitheach chun iompar agus eolas frithghiniúna a fheabhsú. Tá gá áfach le cur chuige saincheaptha do na daoine is mó i mbaol toirchis ghéarchéime. Ar na grúpaí atá i mbaol áirítear daoine óga in aois 18-24 bliana, daoine faoi mhíbhuntáistí eacnamaíoch agus oideachais, agus mná in aois 35-55 bliana.

Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí freagrach as an pholasaí ar sheirbhísí frithghiniúna. Is ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá freagracht as na gnéithe oibríochtúla. Soláthraíonn clár athchóirithe na seirbhíse sláinte, an straitéis cúraim phríomhúil agus forbairt straitéis sláinte gnéis a d'fhéadfadh a bheith i gceist, deiseanna maithe chun struchtúir riachtanacha bainisteoireachta a bhunú agus chun seirbhísí frithghiniúna a fhorbairt. Déanann dochtúirí ginearálta, an ghairm altranais, baill foirne i gclinicí pleanála clainne/sláinte na mban agus poitigéirí infreastructúr níos áitiúla.

Méadófar ar úsáid chomhsheasmhach frithghiniúnach de thairbhe rochtain níos éasca agus níos cothroime ar sheirbhísí frithghiniúna agus iad comhcheangailte le cláir oideachais. Beidh sé de thairbhe fosta ag leathnú seirbhísí frithghiniúna go ndéanfaidh sé iompar cuardaithe frithghiniúnach a normalú agus go laghdóidh sé an stiogma a mheabhraíonn roinnt daoine a ghabhann le frithghiniúnaigh a fháil. Tá an Ghníomhaireacht i suíomh idéalach chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn Sláinte agus Leanaí agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le forbairt polasaí agus gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar dhaoine ag dul i riosca gnéis, ar rochtain ar sheirbhísí, ar ghlacadh seirbhísí, agus ar úsáid cheart chomhsheasmhach frithghiniúnach a chur chun cinn. Beidh bunachar fairsing taighde na Gníomhaireachta agus an taithí phraicticiúil atá aici ar fheachtais chruthaithe chothú sláinte gnéis a fhorbairt agus an taithí atá aici ar shamhlacha nua seachadta a mhaoiniú agus ar mhonatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúileacht, beidh siad luachmhar sa chomhthéacs sin.

Tionscadail le haghaidh Athruithe: Chun an tosaíocht straitéise seo a chur i ngníomh, sna chéad cúig bliana eile déanfaidh an Ghníomhaireacht:

1. Trí fhothuarascáil sonracha de chuid an Staidéir Éireannaigh ar Shláinte agus ar Chaidrimh Ghnéis (ISSHR) a thabhairt chun críche i bpáirtíocht leis an Roinn Sláinte agus Leanaí. Soláthróidh na tuarascálacha seo torthaí breise suas chun dáta ar iompar gnéasach agus frithghiniúna na linne seo in Éirinn.

2. Oilteacht taighde agus eolas na Gníomhaireachta a úsáid chun togra a bheidh bunaithe ar fhianaise a fhorbairt ar mhaithe le heolas a thabhairt agus chun tacú le forbairt seirbhíse frithghiniúna a chuimsiú i bpleananna náisiúnta sláinte gnéis agus sin a chur faoi bhráid an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tacaíocht agus cuidiú a thabairt don Roinn Sláinte agus Leanaí agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i dtaobh pleanáil agus seoladh forbairtí seirbhísí a bhaineann le mandáidí na Gníomhaireachta, mar sholáthar seirbhíse frithghiniúna agus eolas, chomhairle agus oideachas ar fhrithghiniúint.

3. Samhlacha píolótacha seachadadh seirbhíse a mhaoiniú chun rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú, glacadh seirbhísí a mhéadú, agus úsáid cheart chomhsheasmhach frithghiniúnach a chur chun cinn i measc grúpaí atá i mbaol. Na píolótaí sin a mheas d'fhonn príomhshruthú.

4. Tograí polasaithe a fhorbairt ar na bealaí chun costas frithghiniúna a íoslaghdú d'fhonn úsáid chomhsheasmhach frithghiniúnach a éascú i measc grúpaí sonracha atá i mbaol (mar fhir óga agus mhná óga) agus sin a chur faoi bhráid an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais. Na moltaí taobh istigh de na tograí a chur chun cinn i measc eochairphearsanra i ngach Roinn trí sheisiúin faisnéise agus sheisiúin leantacha a reáchtáil le gach ceann díobh. Freagairt fhoirmiúil a lorg ón dá Roinn maidir le gníomhartha atá molta chun costas frithghiniúnach a laghdú do ghrúpaí atá i mbaol.

Eocharthascairí

- Feabhsú taispeánta ar ghlacadh agus ar úsáid seirbhísí frithghiniúna i gcás grúpaí atá faoi phriacal.
- Laghdú ar chostas frithghiniúnach mar bhacainn ar úsáid i measc grúpaí atá i mbaol.

III. CUMARSÁID:

DUL i mBUN FEACHTAS ÉIFEACHTÚIL NUÁLACH CHUN ATHRUITHE DEARFACHA IOMPAIR AGUS CULTÚIR A CHUR CHUN CINN MAIDIR LENA nDEARCADH AGUS LENA ROGHANNA AGUS LENA n-IOMPAR GNÉASACH.

Réasúnaíocht:

Is léir ón fhianaise gur féidir le cumarsáid údarásach iontaofa agus cláir mhargaíochta a bheith éifeachtúil mar bhealaí chun teagmháil le heocharghrúpaí le dul i gcion ar dhearcadh agus ar iompair agus dúshlán a chur faoi nósanna meabhairbhraite cultúir a bhaineann le dearcadh agus roghanna faoi ghnéas agus le hiompar gnéis.

Féadann dul i dteagmháil leis na grúpaí is mó i mbaol toirchis ghéarchéime a bheith dúshlánach, de réir mar atá ár dtimpeallacht cumarsáide ag éirí níos ilroinnte agus níos 'torannaí'. Is minic a bhíonn leibhéal íseal eolais ar phríomhcheisteanna sláinte gnéis ag daoine atá i mbaol toirchis ghéarchéime agus is minic nach mbíonn a fhios acu cá háit a bhféadann siad faisnéis iontaofa a fháil.

Soláthraíonn forbairtí sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) deis mhaith don Ghníomhaireacht dul i dteagmháil ar bhealach láithreach dlúth le daoine óga. Beidh sé mar chuid lárnach d'fheachtais rathúla cumarsáide a bheith suas chun dáta le nuatheicneolaíochtaí mór-éilimh.

Tionscadail le haghaidh Athruithe: Chun an tosaíocht straitéise seo a chur i ngníomh, sna chéad cúig bliana eile déanfaidh an Ghníomhaireacht:

1. Fianaise óna bhunachar taighde a úsáid chun spriocphobal a shainiú de réir riachtanais shonraigh. Díreoidh an Ghníomhaireacht ar fhir óga, ar mhná óga agus mná in aois 35-55 bliana (ag fócasú orthu siúd a bhfuil gnóthachtáil oideachais agus stádas socheacnamaíoch (SES) níos ísle acu agus forbróidh sí feachtas comhtháite margaíochta trí bliana ar úsáid chomhsheasmhach éifeachtúil frithghiniúnach, lena n-áirítear frithghiniúint éigeandála. Bainfidh an Ghníomhaireacht feidhm as na teachtaireachtaí agus bealaí is éifeachtúla, agus beidh béim ar TFC nuálach agus cinnteofar rianú leanúnach agus mionathruithe an fheachtais.
2. Feachtas comhtháite margaíochta dhá bliain a anailísiú, a aithint agus a fhorbairt a bheidh dírithe ar ghníomhaíocht ghnéasach luath ag ógánaigh a chur siar. Beidh comhpháirtíochtaí leis an Stát agus leis na hearnálacha tráchtála agus deonacha i gceist leis an fheachtas. Beidh sé faoi réir rianú agus meastóireacht leanúnach.
3. Infhaighteacht seirbhísí toircheas géarchéime agus rochtain orthu a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar stiogma toirchis ghéarchéime trí leanúint leis an fheachtais Roghanna Dearfacha go ceann trí bliana eile. Meastóireacht leanúnach ar éifeachtúileacht an fheachtais a chinntiú trína thagarmharcáil i gcomparáid lena leibhéal reatha feasachta 71% i measc a spriocphobail.
4. Feachtas comhtháite margaíochta a fhorbairt chun infhaighteacht seirbhísí iarghinmhillte leighis agus comhairleoireachta a chur chun cinn idir mhná agus meastóireacht leanúnach ar éifeachtúileacht an fheachtais a chinntiú.
5. Obair le comhlachtaí reachtúla mar an Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh Dídeanaithe, eochareagraíochtaí neamhrialtasacha, gairmithe sláinte agus oibrithe tosaigh eile chun gné nua eolas sláinte gnéis a fhorbairt i gcláir eolas sláinte dírithe ar lucht iarrtha tearmainn. Beidh sé mar aidhm leis an obair seo aghaidh a thabhairt ar riachtanais faisnéise ag leibhéal an indibhide agus leibhéal an tsoláthraí seirbhíse fosta. Déanfar iarracht fosta nascanna a dhéanamh idir soláthraithe seirbhíse toircheas géarchéime agus seirbhísí comhairleoireachta atá ann cheana féin agus tacaíochtaí atá ar fáil ag lucht iarrtha tearmainn.
6. Clár náisiúnta agus réigiúnach meáin agus caidrimh phoiblí a forghníomhú chun cuspóirí straitéise na Gníomhaireachta a chur in iúl agus an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime a shuí mar an ghuth sláinte gnéis agus toircheas géarchéime, guth atá údarásach iontaofa agus a bhfuil tionchar aige.

Eocharthóscairí

- Bearta bunaithe le measúnú a dhéanamh ar a leanas:
  - Leibhéal ionadaíochta barúlacha daoine óga i gcláir chumarsáide.
  - Leibhéil feasachta ar cheisteanna sláinte gnéis i measc lucht iarrtha tearmainn.
  - Feasacht ar sheirbhísí iarghinmhillte leighis agus comhairleoireachta saor in aisce.
- Glacadh méadaithe seirbhísí iarghinmhillte leighis agus comhairleoireachta idir mhná.

IV. SEIRBHÍSÍ TOIRCHEAS GÉARCHÉIME:

ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA TOIRCHEAS GÉARCHÉIME AGUS AR SHEIRBHÍSÍ IARGHINMHILLTE LEIGHIS AGUS COMHAIRLEOIREACHTA AGUS SEACHADADH NA SEIRBHÍSÍ SIN A FHEABHSÚ.

Réasúnaíocht:

Is príomhthacaíocht do mhná faoi thoirceas géarchéime comhairleoireacht toircheas géarchéime.

Is í aidhm comhairleoireacht toircheas géarchéime a chinntiú go mbeidh áit shábháilte ag an bhean thorrach chun a tosca agus a roghanna a phlé agus a mheas d'fhonn ligint di cinneadh a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh comhairleoireacht neamhthreorach agus caithfidh cliaint a bheith freagrach as a gcuid gníomhartha, iompair agus roghanna féin.

Do mhná a bhfuil beagán tacaíochta acu nó atá gan tacaíocht ar bith ó pháirtithe, ó theaghlaigh nó ó chairde, is foinse ríthábhachtach an chomhairleoireacht. Faoi láthair, áfach, ní fhreastalaíonn trí cheathrú díobh siúd atá ag dul trí thoircheas géarchéime ar chomhairleoireacht. Ní dhéanann mná rochtain ar sheirbhísí ar roinnt fáthanna, orthu siúd tá easpa soiléireachta faoi nádúr agus réim na comhairleoireachta agus na seirbhísí atá ar fáil.

Is féidir aghaidh a thabhairt ar an cheist seo, nó cuid de, trí fheachtais náisiúnta cumarsáide na Gníomhaireachta. Beidh sé ina pháirt mhór d'fhreagairt na Gníomhaireachta leanúint lena gealltanas chun seirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime a fhorbairt agus chun caighdeáin comhairleoireachta toircheas géarchéime a fheabhsú.

Léiríonn taighde a rinneadh ar son na Gníomhaireachta gá le treoirlínte agus prótacail do sholáthraithe seirbhíse lena n-áirítear prótacail chomhairleoireachta, prótacail atreorúcháin, prótacail do ghrúpaí cliant ar leith, prótacail inmheánacha agus treoirlínte bainistíocht seirbhísí. Tá an Ghníomhaireacht tiománta lena chinntiú go léireofar eitic cúraim gníomhaireacht chomhairleoireachta do bhean ag dul trí thoircheas géarchéime i bhforbairt agus cur i bhfeidhm treoirlínte den chineál.

Áit ar leith a mbíonn forbairt agus cur i ngníomh prótacal riachtanach ná na bealaí a idirghníomhaíonn éiteas gach eagraíocht lena eitic cúraim do bhean a bhfuil géarchéim aici. Bíonn a fhios ag cliaint ionchasacha go mbeidh difríochtaí agus éagsúlachtaí idir éiteas gníomhaireachta amháin agus éiteas gníomhaireachta eile. Ba cheart fáiltiú roimhe seo, mar tugann sé rogha don bhean maidir le soláthraí seirbhíse ach tá sé tábhachtach go mbeidh éiteas eagraíochta luaite go soiléir mar ní dóichí go bhfreastalóidh mná agus comhairleoireacht á lorg acu mura bhfuil siad cinnte faoin tseirbhís atá á soláthar. Bíonn gá ag bean a bhfuil comhairleoireacht toirchis ghéarchéime á lorg aici bheith ábalta an ghníomhaireacht atá de dhíth uirthi agus an ceann is mó a mbeadh sí compordach léi a roghnú le muinín.

Ar neamhcheist le héiteas eagraíochta, caithfidh comhairleoireacht toirchis ghéarchéime a bheith bunaithe ar eitic chúraim. Is caighdeán é seo a mbíonn gach client i dteideal, is cuma cé acu gníomhaireacht a roghnóidh siad le freastal uirthi. Admhaíonn an eitic chúraim sin fíorthábhacht riachtanas na mná agus is cuid riachtanach í de sholáthar agus cur i gníomh seirbhísí comhairleoireachta toirchis ghéarchéime. Ina dhiaidh sin, admhaíonn an eitic chúraim sin an riachtanas le tarchur cuí i gcúinsí nach mbeidh gníomhaireacht áirithe in ann eolas a fhiafróidh client, nó seirbhísí a bheidh de dhíth ar chliant, a sholáthar.

Chomh maith le cáilíocht seirbhíse a chinntiú, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh dóthain rogha ann. Tá sé léirithe i dtaighde go leagann roinnt ban tábhacht ar rochtain seirbhíse áitiúla, a fhad is gur fearr le mná eile an anaithne a bhaineann le seirbhísí i mbailte níos mó ar shiúl ó phobail tuaithe. Trí eolas réigiúnach ar leibhéil sheachadadh seirbhísí, ar leibhéil an daonra agus ar riachtanais seirbhíse mná atá ag dul trí thoircheas géarchéime a thabhairt le chéile, beidh an Ghníomhaireacht in ann próifíl na seirbhísí a bhfuil gá leo ar fud na tíre a fhorbairt.

I ndiaidh do mhná ginmhilleadh a fháil, tá sé tábhachtach go mbeidh rochtain ar sheirbhísí iarghinmhillte leighis agus comhairleoireachta d'ardchaighdeán. Ní fhaigheann mná na seirbhísí seo i gcónaí, áfach, mar nach mbíonn a fhios acu fúthu nó mar gheall ar an stiogma meabhairbhraite a mhaireann go fóill ar ghinmhilleadh in Éirinn.

Tionscadail le haghaidh Athruithe: Chun an tosaíocht straitéise seo a chur i ngníomh, sna chéad cúig bliana eile déanfaidh an Ghníomhaireacht:

1. Taighde a ghabháil de láimh chun riachtanais le seirbhísí toircheas géarchéime agus seirbhísí iarghinmhillte a chainníochtú ar fud na tíre, bunaithe ar shonraí daonra, innéacsanna díothachta agus táscairí eile, agus na riachtanais seo a chur i gcomparáid le leibhéal na seirbhísí a sheachadtar faoi láthair.

2. Eagraíochtaí reachtúla agus deonacha agus cumainn charthanachta nó indibhidí a aithint a bhfuil an saineolas acu agus an cumas iontu na seirbhísí seo a chur ar fáil agus deontais bhliantúla a mhaoiniú lena soláthar a chumasú.

3. Foireann uirlisí a thaighde agus a fhorbairt chun seirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime a choimisiúnú agus a bhunú. An fhoireann uirlisí a phíolótú agus a athbhreithniú de réir taithí ón phróiseas. An fhoireann uirlise a sholáthar do gach seirbhís nua nuair a bheidh sí tugtha chun críche d'fhonn cuidiú le seirbhísí dearbhaithe ó thaobh cáilíochta a bhunú. An fhoireann uirlise a sholáthar do sheirbhísí comhairleoireachta chun cuidiú leo le prótacal a fhorbairt.

4. Forbairt Frámaíocht Dearbhaithe Cáilíochta féinmheasúnaithe a thaighde ar mhaithe le seirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime agus iarghinmhillte a sholáthar, i gcomhairle le príomh-chomhpháirtithe.

5. Clár creidiúnaithe píolóta a sheoladh i scileanna comhairleoireachta toircheas géarchéime i gcomhairle le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad. Spásanna a chur ar fáil ar an chlár píolóta do chomhairleoirí a oibríonn i seirbhísí toircheas géarchéime atá maoinithe ag an Stát. Meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar an chúrsa.

Eocharthóscairí

- Líon méadaithe seirbhísí toircheas géarchéime curtha ar bun agus ag feidhmiú ar chaighdeán cáilíochta comhaontaithe.
- Comhairleoirí toircheas géarchéime a oibríonn i seirbhísí atá maoinithe ag an Stát agus a ghlacann páirt in oiliúint chreidiúnaithe.

V. LEANÚINT LE TOIRCHEAS

FEABHSÚ CHINEÁL AGUS RAON NA dTACAÍOCHTAÍ A BHFUIL TÁBHACHT AR LEITH AG BAINT LEO I gCÁS LEANÚINT LE TOIRCHEAS A DHÉANAMH NÍOS TARRAINGTÍ. CINNTIÚ GO gCUIRFEAR GACH EOLAS FAOI NA TACAÍOCHTAÍ SIN IN IÚL DO MHNÁ, DÁ gCUID PÁIRTITHE AGUS DÁ gCUID TEAGHLACH.

Réasúnaíocht:

Tá líon mhór tosca a mbíonn tionchar acu ar cé acu a roghnaíonn bean chun leanúint le toircheas.

Ar na dúshláin a bhíonn ag mná chun leanúint le toircheas agus chun a, tá ceisteanna caidrimh, cúram leanaí, airgeadas, obair, gairm, stiogma meabhairbhraite, bochtaineacht, mothúcháin neamhinniúlachta, nó bheith ró-óg le leanbh a bheith acu. Bíonn tionchar fosta ag ról meabhairbhraite an athar i dtuismitheoireacht an linbh ar mhodh déanta cinntiúcháin na mná.

Is féidir aghaidh a thabhairt ar roinnt de na tosca sin trí thacaíochtaí áirithe a sholáthar a bheidh freagrach do mhná ag dul trí thoircheas géarchéime. Na polasaithe náisiúnta a mbíonn tionchar acu ar cheisteanna mar inacmhainneacht cúraim leanaí, tacaíochtaí do thuismitheoirí aonair, sochar máithreachais agus aithreachais, bíonn tionchar suntasach acu siúd ar chinnteoireacht maidir le toircheas géarchéime. Ligfidh comhpháirtíocht le ranna Rialtais agus comhlachtaí eile don Ghníomhaireacht dul i bhfeidhm níos fearr ar pholasaithe a bhaineann leis na réimsí sin. Éascóidh sé fosta tionscadail chruthaitheacha nuálacha a fhorbairt a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chuid mhaith de na tosca sin, rud a d'fhéadfadh tuismitheoireacht a dhéanamh níos tarraingteaí mar rogha ag mná.

Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na mná a thugann a leanaí lena n-uchtú le fiche nó tríocha bliain anuas agus leantar leis an laghdú sin go bliantúil. Tugtar le tuiscint de réir taighde go bhfuil bacainní áirithe a chuireann cosc ar mhná uchtú a bhreithniú, mar drochdhearcadh ar uchtú sa tsochaí, agus a chur i láthair go teoranta mar rogha ag gairmithe a oibríonn i réimse toircheas géarchéime.

Tionscadail le haghaidh Athruithe: Chun an tosaíocht straitéise sin a chur i ngníomh, sna chéad cúig bliana eile déanfaidh an Ghníomhaireacht:

1. Tionscadal láithreáin oibre a fhorbairt, chun eispéireas mná (agus fir) oibre ag dul trí toircheas géarchéime a fheabhsú. Beidh sé mar chroílár an tionscadail forbairt treoirlínte agus prótacal le teidlíochtaí saoire reachtúil a bhainistiú agus faisnéis a sholáthar ar shochair, ar chearta agus ar theidlíochtaí d'fostaithe. Píolótófar an tionscadal i measc d'áiteanna oibre agus trí Chláir Chuidithe Fostaithe. Déanfar an píolóta a mheas agus scaipfear an toradh.

2. Roinnt tionscnamh píolóta a mhaoiniú atá mar aidhm acu feasacht agus páirtíocht fear a ardú, go háirithe fir níos óige, chun tacú lena bpáirtithe i rith toircheas géarchéime agus tuismitheoireacht. Beidh sé mar

aidhm ag na tionscadail seo gné den seachadadh seirbhíse dírithe ar an fhear a sholáthar agus chun comhairleoireacht agus tacaíocht a sholáthrófar dá pháirtí a chomhlánú.

3. Tionscnaimh phíolótacha dírithe ar mhná a mhaoiniú – go háirithe mná óga – a mbíonn ardleibhéal tacaíochta agus cuidithe de dhíth orthu chun leanúint lena dtoircheas agus chun déileáil le tuismitheoireacht. Sínfidh na tionscadail go réimsí lena n-áirítear caidreamh a dhéanamh agus a chothú le hathair an linbh, ag nascadh le tionscnaimh oideachais agus oiliúna, scileanna tuismitheoireachta agus ceisteanna forbairt phearsanta.

4. Torthaí taighde coimisiúnaithe a úsáid chun treoirlínte dea-chleachtais a fhorbairt maidir le haghaidh a thabhairt ar rogha an uchtaithe agus a chur i láthair. Úsáidfear an taighde sin chun eolas a thabhairt le cosain tarchuir a fhorbairt lena n-úsáid ag gairmithe a idirghníomhaíonn leo siúd a bheidh ag smaoineamh ar uchtú. Gabhfar an obair sin de láimh i gcomhairle le hOifig an Aire Leanaí, le comhlachtaí reachtúla lena n-áirítear an Bord Uchtála, le soláthraithe seirbhísí agus le gairmithe leighis /sláinte.

5. Athbhreithniú éilimh ar thionscnaimh a ghabháil de láimh, mar chóiríocht thacaithe agus altramú sa ghearrthréimhse a thugann tacaíocht do mhná i rith na tréimhse úd a mbíonn siad ag smaoineamh ar uchtú. Forbairt a dhéanamh ar cur chuige le tionscnaimh den chineál a mhaoiniú agus ar phlean le príomhshruthú maoiniú cóiríocht thacaithe, go háirithe, a éascú.

6. Tacú go poiblí le cur i gníomh iomlán den Fhrámaíocht Uchtú Baile. Tacú le ról lárnach mháthair bhreithe an linbh i roghnú na dtuismitheoirí uchtála ionchasacha a chuimsiú san Fhrámaíocht.

Eochartháscairí

- Bearta leis an dearcadh ar uchtú agus a chur i láthair a mheasúnú mar thoradh ar thoircheas géarchéime
- Glacadh méadaithe seirbhísí toircheas géarchéime ag fir.

VI. TAIGHDE

NEARTÚ LE TUISCINT AR THOSCA RANNPHÁIRTEACHA AGUS RÉITIGH AR THOIRCHIS GHÉARCHÉIME. TORTHAÍ TAIGHDE A ÚSÁID CHUN CLEACHTAS A BHEIDH BUNAITHE AR FHIANAISE AGUS CHUN FORBAIRT POLASAÍ A CHUR CHUN CINN.

Réasúnaíocht:

Tá an taighde bunúsach le táscairí feidhmíochta a rianú agus le leanúint le cur chuige eolasach de réir fianaise ar obair na Gníomhaireachta.

Tá oireas bunaithe ag an Ghníomhaireacht in úsáid taighde le heolas a thabhairt do chumarsáid, d'fhorbairt seirbhísí, do pholasaí agus do chaighdeáin.

Tá taighde d'ard-chaighdeán riachtanach leis na ceisteanna a mbíonn an Ghníomhaireacht ag déileáil leo a thuiscint agus leis na hidirghabhálacha is cuí agus is éifeachtúla a dhearadh.

Tá an taighde bunriachtanach chun monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht a mbíonn an Ghníomhaireacht ag feidhmiú inti ar fud na tíre agus thar lear agus chun obair na Gníomhaireachta féin a rianú. Tá sé de dhualgas ar an Ghníomhaireacht lena chinntiú go gcomhlíonfar cuspóirí agus le dul i gcion ar a mandáidí.

Sna chéad cúig bliana eile, tá gá ag an Ghníomhaireacht le bunachar fianaise a choinneáil agus straitéis scaipthe chun:

- Cur le hidirghabhálacha eolasacha de réir fianaise agus le feabhsú ar sheirbhísí.
- Tacú le pleanáil agus le meastóireacht fhadtéarmach.
- Cás athrú polasaí a thógáil.
- Díospóireacht phoiblí a spreagadh.

Bíonn an comhthéacs ina mbíonn toirchis ghéarchéime ag tarlú ag athrú i gcónaí. Tugtar le tuiscint go láidir de réir sonraí suirbhéanna gur dóichí go dtabharfadh mná óga sna luath-fichidí toircheas géarchéim ar thoircheas ná mar a dhéanadh mná níos sine nuair a bhí siadsan sna fichidí. Tá féidearthacht láidir ann go mbíonn tionchar ag athruithe eacnamaíocha, oideachais, fostaíochta agus stíle maireachtála ar an bhealach a fhreagraíonn mná óga toircheas neamhphleanáilte. Sna chéad cúig bliana aici, chuir an Ghníomhaireacht infheistíocht an-trom i gcúiseanna le toirchis ghéarchéime agus freagairtí orthu, i mbearta bunlíne a bhunú agus i bhframaíocht mheastóireachta a fhorbairt dá cuid oibre. Caithfidh an Ghníomhaireacht a bheith suas chun dáta le treochtaí atá ag teacht chun cinn agus le hathruithe sa timpeallacht a mbíonn tionchar orthu ar leitheadúlacht toircheas géarchéime.

Tionscadail le haghaidh Athruithe: Chun an tosaíocht straitéise sin a chur i ngníomh, sna chéad cúig bliana eile déanfaidh an Ghníomhaireacht:

1. Bunachar fianaise na Gníomhaireachta a chothabháil agus a fheabhsú:
   - Athbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht agus taighde foilsithe na Gníomhaireachta a shintisiú agus easnaimh eolais a aithint.
   - Taighde nua a choimisiúnú nó a dhéanamh le aghaidh a thabhairt ar easnaimh eolais agus bunachar fianaise na Gníomhaireachta a chothabháil. Áirítear ar na réimsí le taighde: Ceisteanna sláinte gnéis atá ós comhair phobal inimirceach na hÉireann; sonraí daonra ar eolas, ar dhearcadh agus ar iompar déagóirí in Éirinn; mná ag teacht i láthair ar chúinsí nua faoi choinne cuidiú iarghinmhillte leighis agus riachtanais mná ag taisteal go dlínsí eile seachas an an Ríocht Aontaithe faoi choinne ginmhilleadh.
   - Tuarascála a fhoilsiú a dhéanfaidh monatóireacht ar raon táscairí bunlíne i bpríomhréimsí a bhaineann le toircheas géarchéime.
2. Cumas taighde ar ábhair a bhaineann le toircheas géarchéime a thógáil trí:
   - Taighde a choimisiúnú.
   - Clár scoláireachtaí taighde a bhunú do dhaoine ag déanamh clár Máistreachta nó PhD i réimsí a bhaineann le mandáid na Gníomhaireachta.
   - Clár dámhachtainí taighde a bhunú do dhaoine atá cáilithe chun taighde eolaíoch a dhéanamh i réimsí a bhaineann le mandáid na Gníomhaireachta.
   - Cinntiú go mbeidh bunachair chainníochtúla na Gníomhaireachta infhaighte agus inrochtana ag an phobal acadúil go ginearálta trína gcur i gcartlann sonraí.
3. Treoirlínte dea-chleachtais a fhoilsiú i gcomhairle le comhlachtaí gairmiúla, chun cleachtas gairmiúil a fheabhsú agus lena chinntiú go mbeidh sé eolasach de réir fianaise iontaofa. Ba chóir iad sin a chomhlíonadh do:
   - Fostóirí, maidir leis an dlí faoi thoircheas agus mháithreachas agus a thionchar ar dhaoine atá ag dul trí thoircheas géarchéime.
   - Baill de na gairmeacha leighis agus comhairleoireachta maidir le comhairleoireacht iarghinmhillte.
   - Foirne leighis, oibrí sóisialta agus riaracháin atá ag obair in ospidéil mháithreachais agus comhairleoirí ar cheilt toirchis.
   - Múinteoirí agus daoine ag obair le daoine óga ar éascaitheoirí seachtracha a úsáid i dteagasc OSPS/OCG,
   - Baill de na gairmeacha leighis agus comhairleoireachta maidir le seirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime a sholáthar do chliaint atá faoi mhíchumas intleachta.
   - Baill de na gairmeacha comhairleoireachta toircheas géarchéime a bhíonn ag teagmháil le mná agus a bpáirtithe i gcás diagnóisiú anchuma ghiniúna.
4. Leathadh chlár thaighde na Gníomhaireachta agus feasacht air a ardú trí shraith reatha achoimrí thaighde na Gníomhaireachta a shíneadh le grúpaí nua úsáideoirí a chuimsiú. Áireofar orthu siúd fostóirí, daoine a bhfuil obair acu, scoileanna agus comhlachtaí ionadaíocha oideachais, agus an lucht altranais.

   Bunachar sonraí idirnáisiúnta a bhunú agus leathadh líonra scaipthe na Gníomhaireachta a mhéadú chuig grúpaí agus eagraíochtaí a ardú. Spreagfaidh sé seo agus éascóidh sé faisnéis ar thionscnamh, ar fhorbairtí agus ar chláir oibre cosúil lenár gceann féin.
5. Cleachtadh comparáideach a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla eile (ar fud na tíre agus thar lear) lena scrúdú mar atá frámaíocht meastóireachta na Gníomhaireachta i gcomparáid le cinn eile d'fhonn a feabhsú más gá. Athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh (ceann i 2008/9 agus an ceann eile i 2011) lena chinntiú go bhfuil an fhrámaíocht mheastóireachta a thacaíonn obair na Gníomhaireacht eolasach de réir dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Eocharthascairí

- Bearta bunaithe le measúnú a dhéanamh ar a leanas:
  - an méid a chuireann tuarascála na Gníomhaireachta le tuiscint mhéadaithe toircheas

géarchéime agus ar an timpeallacht a mbíonn an Ghníomhaireacht ag feidhmiú inti.

- an méid a fhormhuineoidh agus a úsáidfidh grúpaí gairmiúla treoirlínte foilsithe ag an Ghníomhaireacht.
- am méid a chuirtear in iúl sna meáin go ceart agus go héifeachtúil torthaí taighde a thuairisceoidh an Ghníomhaireacht.

VII. TIONCHAR AR PHOLASAÍ

TIONCHAR A IMIRT AR LUCHT DÉANTA BEARTAS AGUS AR PHRÍOMHPHÁIRTITHE I dTAOBH TOIRCHEAS GÉARCHÉIME A CHOSC, CINNTEOIREACHTA ATÁIRGTHE AGUS TORTHAÍ TOIRCHEAS GÉARCHÉIME.

Réasúnaíocht:

Bíonn tionchar díreach ag timpeallacht an pholasaí náisiúnta ar mhandáidí na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime.

Bíonn tionchar i ndeireadh na dála ag polasaithe ar shláinte ghnéis agus polasaithe a bhaineann le hoideachas, le tuismitheoireacht agus le cinnteoireacht atáirgthe ar dhearcadh, ar iompar agus ar eispéireas an duine.

Bíonn tionchar ag polasaithe náisiúnta frithghiniúna maidir le soláthar seirbhísí, rochtain, costas agus infhaighteacht ar roghanna, ar iompar agus, i ndeireadh na dála, ar thoircheas géarchéime.

Léiríonn taighde fosta go mbíonn tionchar ag an iliomad tosca ar an chinneadh a dhéanann bean ag dul trí thoircheas géarchéime. Ar cheann de na tosca sin, go háirithe do mhná atá ag smaoineamh ar ghinmhilleadh, tá timpeallacht an pholasaí mar a bhaineann sí le mianaidhmeanna na mná don todhchaí. Bíonn tionchar ar chinneadh na tuismíochta ag polasaithe éagsúla lena n-áirítear leas, tithíocht, cúram leanaí, fostaíocht agus oideachas.

Sna chéad chúig bliana eile beidh forbairt polasaithe agus tionchar uirthi mar chuid d'obair na Gníomhaireachta a bheidh ag dul i méid. Teaglamófar ilteacht agus eolas a forbraíodh sna ceithre bliana roimhe faoi choinne athrú polasaí d'fhonn tionchar intomhaiste a bhaint amach.

Tionscadail le haghaidh Athruithe: Chun an tosaíocht straitéise sin a chur i ngníomh, sna chéad cúig bliana eile déanfaidh an Ghníomhaireacht:

1. Athbhreithnithe polasaí a fhoilsiú ar príomhthopaicí a bhaineann le toircheas géarchéime. Áirítear orthu siúd, ach gan a bheith teoranta dá leanas:
   - An láithreán oibre agus cinnteoireacht atáirgthe.
   - Oideachas caidrimh agus gnéis.
   - Toircheas déagóra agus tacaíocht do dhéagóirí atá ina dtuismitheoirí.
   - Toircheas géarchéime agus foirmiú teaghlach in Éireann.
   - Sláinte ghnéis agus an pobal inimirceach.
2. Fóraim pholasaí ar phríomhcheisteanna a eagrú, i gcomhairle le heagraíochtaí eile, agus bheith páirteach iontu. Áirítear an na príomh-chomhpháirtithe:
   - Lucht an láithreán oibre, maidir le toircheas géarchéime agus polasaí an láithreáin oibre.
   - Gairmithe agus dochtúirí sláinte gnéis, maidir le cur chun cinn sláinte gnéis agus le cosc ar thoircheas géarchéime agus le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STIs).
   - An pobal inimirceach, gairmithe agus soláthraithe seirbhísí atá ag obair sa réimse, maidir le ceisteanna sláinte gnéis.
3. Monatóireacht a dhéanamh ar pholasaí ar fud na tíre chun tionchar chomaoin na Gníomhaireachta a mheas.

Eocharthóscairí

- feasacht ardaithe ar thionchar foirmiú polasaí ar thoircheas géarchéime, ar chinnteoireacht maidir le toircheas géarchéime, tomhasta acu siúd a bhfuil baint acu sa phroiséas ceaptha polasaí agus ar na polasaithe féin.

Cur i bhfeidhm na Straitéise

Cuspóir

Cumas eagraithe na Gníomhaireachta a neartú lena chinntiú gur féidir léis an Straitéis seo a chur i bhfeidhm.

Tosaíochtaí Straitéiseacha Inmheánacha

1. Cinntiú go mbíonn struchtúir chuí Bhoird bunaithe ag an Ghníomhaireacht lena chinntiú go gcuirtear an Straitéis i bhfeidhm go héifeachtach.
2. Cinntiú go n-éascaíonn struchtúr na foirne agus a gcuid scileanna cur i bhfeidhm éifeachtach na Straitéise.
3. Croíphróisis agus córais na Gníomhaireachta a neartú agus cinntiú gur leor iad leis an phlean a chur i gcrích.
4. Cur ar a cumas don Ghníomhaireacht monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus measúnacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise maidir le maolú ar thoirchis ghéarchéime in Éirinn.
5. Dul isteach i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí comhlántacha lena chinntiú gur féidir le mianta iomlána an phlean a bhaint amach.
6. Luach airgid a chur ar fáil.

Tosaíocht Straitéise Inmheánaí 1

Cinntiú go mbíonn struchtúir chuí Bhoird bunaithe ag an Ghníomhaireacht lena chinntiú go gcuirtear an Straitéis i bhfeidhm go héifeachtach.

Réasúnaíocht

Mar chomhlacht Stáit, caithfidh an Ghníomhaireacht feidhmiú de réir dea-chleachtais trí chloí leis na polasaithe agus nósanna a théann i bhfeidhm ar eagrú, rialú agus stiúradh na Gníomhaireachta. Go mór, mór caithfidh an Ghníomhaireacht oibriú de réir Phlean Corparáideach um Rialú Airgeadais na Roinne Sláinte agus de réir Chód Cleachtais um Rialú Eagraíochtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais, a leagann amach cur chuige um rialú maith agus teorainneacha soiléire freagrachta. Éascóidh dea-chleachtais i rialachas ag an Bhord agus ag a fhochoistí rialú éifeachtach ar oibríochtaí na Gníomhaireachta agus monatóireacht láidir seachadta.

Tionscadail le haghaidh Athruithe

1. Léirmheas a dhéanamh ar Lámhleabhar reatha um Rialú Corparáideach na Gníomhaireachta.
2. Cinntiú go nglacann Bord na Gníomhaireachta páirt i dtraenáil chuí, ag tosach le comhthraenáil ar rialú.
3. Cinntiú go gcomhlíonann próisis Bhoird agus Fochoistí dea-chleachtais agus prionsabail rialaithe.

Tosaíocht Straitéise Inmheánaí 2

Cinntiú go n-éascaíonn struchtúr na foirne agus a gcuid scileanna cur i bhfeidhm éifeachtach na Straitéise.

Réasúnaíocht

Má leantar ar aghaidh le heagraíocht a thógáil agus a fhorbairt ina mbeidh struchtúr éifeachtach agus cultúr dearfach is amhlaidh go gcuideofar go mór le cur i bhfeidhm éifeachtach na Straitéise. Is cúis bhróid don Ghníomhaireacht é go bhfuil clú uirthi gur eagraíocht bhríomhar í agus go bhfuil foireann spreagtha agus tiomnaithe aici; dá bhrí sin aithníonn sí go bhfuil gá le timpeallacht dhúshlánach, mhealltach agus chuimsitheach oibre. Braitheann rath na Gníomhaireachta ar chinntiú a dhéanamh go mbíonn baint ag an fhoireann le cur i bhfeidhm na Straitéise. Is féidir seo a bhaint amach trína chinntiú go mbíonn a gcuid pleananna indibhidiúla feidhmithe ailínithe le cuspóirí straitéise na Gníomhaireachta, agus go gcuirtear traenáil agus forbairt chuí ar fáil. Caithfidh an Ghníomhaireacht tacú le húsáid éifeachtach áiseanna trí struchtúr eagraithe a bhunú ina léirítear freagrachtaí agus dualgais go soiléir.

Tionscadail le haghaidh Athruithe

1. Athfhorbairt a dhéanamh ar nósanna agus ar pholasaithe acmhainní daonna lena chinntiú go

mbíonn timpeallacht chuí oibre agus cultúr oibre don fhoireann, ina mbeidh prionsabail sholúbtha oibre.

2. Méadú ar Chreatlach Bhainistíochta agus Fhorbairt um Fheidhmithe don fhoireann agus plean traenála agus forbartha a chur i gcrích, le plean bliantúil do gach ball foirne, le cuid de bunaithe ar an chumas agus na scileanna a bheidh le forbairt acu ina ról i gcur i bhfeidhm na straitéise seo.

Tosaíocht Straitéise Inmheánaí 3

Croíphróisis agus córais na Gníomhaireachta a neartú agus cinntiú gur leor iad leis an phlean a chur i bhfeidhm.

Réasúnaíocht

Ó bunaíodh é cúig bliana ó shin, d'fhorbair an Ghníomhaireacht eagraíocht an-éifeachtach bunaithe ar:

- Dhaoine a bhfuil taithí acu agus an meascán cuí saineolais a bhí de dhíth lena luath-thosaíochtaí a shocrú.
- Struchtúr urrúnta foirne eagraithe lena chinntiú go measctar dualgais agus freagrachtaí a oiread agus is féidir.
- Próisis agus córais a d'éascaigh bainistíocht éifeachtach airgeadais.
- Méid tábhachtach próiseas agus nósanna imeachta a dheimhníonn obair i bpríomhréimsí taighde, cumarsáide, maoinithe agus riaracháin.

De réir mar a cheanglaíonn an straitéis seo an Ghníomhaireacht do roinnt athraithe fócais – béim níos mó ar theagmháil ar leith le grúpaí ar leith, teachtaireachtaí a bhfuil bunús i dtaighde iontu, páirtíocht a dhéanamh agus tionchar a imirt ar pholasaithe – is tráthúil léirmheas a dhéanamh ar "cumas feidhmithe" na heagraíochta lena chinntiú go mbíonn na scileanna riachtanacha, córais agus cultúr i bhfeidhm leis an phlean uaillmhianach seo a chur i bhfeidhm.

Caithfidh an córas TE úsáid éifeachtach eolais a éascú. Go háirithe, beidh sé tábhachtach nuatheicneolaíocht agus teicneolaíocht atá at teacht chun solais a mheas i dtólamh agus cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as TE i ngach gné d'obair na Gníomhaireachta.

Is é cumarsáid éifeachtach ar an ról, na cuspóirí agus ar fheidhmiú na Gníomhaireachta, na tosca bhaineann le toircheas géarchéime, agus na dóigheanna le dul i ngleic leo, croílár na Gníomhaireachta. De réir mar a thagann teicneolaíocht chun solais, beidh ar an Gníomhaireacht úsáid a bhaint go forleathan as bealaí áirithe le cumarsáid éifeachtach seasmhach a bhaint amach.

De réir mar a mhéadaíonn ról thionchar polasaithe in obair na Gníomhaireachta beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn na na scileanna cuí ag na croíbhaill foirne le cuspóirí a bhaint amach. Beidh ar an Ghníomhaireacht am a chur ar fáil fosta do dhaoine ar leith a aithint, gréasáin agus fóraim a bheidh in inmhe aidhmeanna a bpolasaithe a bhaint amach.

Caithfidh an Ghníomhaireacht a chinntiú fosta go mbíonn fócas láidir ar fhreagracht agus ar shoiléireacht agus go ndéantar athbhreithniú go minic ar na córais agus na próisis chun ardchaighdeáin a choinneáil sna réimsí seo.

Tionscadail le haghaidh Athruithe

1. Monatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar fhorbairt TE agus modhanna nua oibre a thabhairt isteach in obair chumarsáide na Gníomhaireachta.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais chumarsáide na Gníomhaireachta tríd an fheidhmiú Inmheánach Iniúctha lena chinntiú go mbíonn teagmháil éifeachtach ag an Ghníomhaireacht.
3. Athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar pholasaithe agus nósanna imeachta airgeadais agus cuntasóireachta de réir na bhforbairtí is déanaí agus polasaí roinne/Rialtais.
4. Tuairisciú Boird, Bainistíochta agus Seachtraigh ar na ghníomhaíochta uile a mhéadú.

Tosaíocht Straitéise Inmheánaí 4

Cur ar a gcumas don Ghníomhaireacht monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus measúnacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise maidir le maolú ar thoirchis ghéarchéime in Éirinn.

Réasúnaíocht

Tá cuspóir na Gníomhaireachta leagtha amach go soiléir sna sainorduithe ina hionstraimí reachtúla; dá bhrí sin tá sé thar a bheith tábhachtach athmheas a dhéanamh go leanúnach ar Straitéis na Gníomhaireachta, ar a cuspóirí agus ar a pleananna, idir phleananna feidhmithe agus phleananna forbartha indibhidiúla lena chinntiú go

mbíonn siad ailínithe le cur i gcrích na mandáidí sin.

As siocair go bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach as cur i gcrích a mandáidí, caithfidh sé eochairtháscairí feidhmithe a fhorbairt lena chinntiú gur féidir rath a thomhas ag leibhéil mandáide, straitéise agus feidhmithe le linn thréimhse na straitéise seo, chomh maith leis an Straitéis a mheas go foirmiúil ag a deireadh.

Tá géarghá le córas monatóireachta agus measúnaithe a bhunú i bhfeidhmiú na Gníomhaireachta a ligeann don Straitéis a mheas go hoibiachtúil. Tá géarghá fosta le heochairtháscairí feidhmithe agus paraiméadair mheasúnachta ag leibhéil scéimeanna, chlár agus straitéis ionas go ndéanfar measúnacht éifeachtach. Tá an Ghníomhaireacht tiomnaithe do mhaitrís eochairtháscairí feidhmithe a fhorbairt dá dara Straitéis atá ar aon intinn lena cur chuige measúnachta go nuige seo.

Braitheann forbairt na n-eochairtháscairí feidhmithe agus a gcomhtháthú sa bplean iomlán straitéise measúnachta ar obair agus ar chomhoibriú eagraíochtaí agus grúpa eile proifisiúnta. Leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun sonraithe a aimsiú, a bhailiú agus a mheas sna cúig bliana atá romhainn.

Tionscadail le haghaidh Athruithe

1. Leanúint ar aghaidh lenár gcreatlach measúnachta lena chinntiú gur féidir leis an Ghníomhaireacht tionchar a Straitéise agus Tosaíochtaí straitéise ar thoircheas géarchéime a laghdú a mheas.
2. Athbhreithniú lár-téarma a dhéanamh ar an Straitéis le dul chun cinn a mheas maidir le Tosaíochtaí straitéise agus treoir na Straitéise a mheas dá dtarlódh forbairtí ar bith nach mbeifí ag dúil leo.
3. Measúnacht neamhspleách a choimisiúiniú ar an Straitéis in 2012.
4. Cinntiú go mbíonn ceangal soiléir idir Pleananna bliantúla Seirbhíse leis na cuspóirí sa Straitéis.

Tosaíocht Straitéise Inmheánaí 5

Dul isteach i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí comhlántacha lena chinntiú gur féidir le mianta iomlána an phlean a bhaint amach.

Réasúnaíocht

Braitheann rath obair na Gníomhaireachta go mór ar an pháirtíocht a chothaíonn sé, go háirithe le Roinn na Sláinte agus Leanaí, Roinn na Sláinte agus Eolaíochta agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte. Tá tábhachta ar leith fosta le comhghuaillíocht le hOifig an Aire Leanaí, leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus leis an Bhord Uchtála. Mar fhreagra ar na téamaí áirithe léirithe sa Chlár um Nuachóiriú Seirbhíse Poiblí, caithfidh an Ghníomhaireacht obair lena caidreamh a mhéadú agus a neartú le baill thábhachta eile.

Ina measc siúd tá daoine aonair atá i mbaol nó atá thíos faoi thoircheas géarchéime, eagraíochtaí ionadaíochta, grúpaí reachtúla agus deonacha, lucht soláthraithe seirbhísí – go háirithe iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí thoirchis ghéarchéime – agus Bord agus foireann CPA.

Tionscadail le haghaidh Athruithe

1. Meamram Tuisceana a fhorbairt chun aontú ar chur chuige um pháirtíochta idir an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte faoi sholáthar eolais ar Shláinte Gnéis, seirbhísí thoirchis ghéarchéime agus seirbhísí frithghiniúna. .
2. Meamram Tuisceana a fhorbairt chun aontú ar chur chuige um pháirtíochta idir an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le dul i ngleic go cuimsitheach le cur i bhfeidhm Oideachas um Chaidrimh agus Gnéasachta i scoileanna dara leibhéil.
3. Roinnt comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chur le chéile le tabhairt faoi chomhthionscnaimh le heochair-Rannóga Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí ionadaíochta.
4. Imeachtaí líonraíochta a eagrú agus gréasáin foghlama a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus daoine aonair a bhfuil baint acu le réimse leathan thoirchis ghéarchéime agus shláinte gnéis.

Tosaíocht Straitéise Inmheánaí 6

Luach airgid a chur ar fáil.

Réasúnaíocht

Maoiníonn an Rialtas an Ghníomhaireacht, tríd an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus tá mórchuid a caiteachais (timpeall is 85%) taobh amuigh den eagraíocht. Dáiltear timpeall is 55% den mhaoiniú trí Chlár Maoinithe na Gníomhaireachta do ghrúpaí reachtúla nó deonacha a chuireann seirbhísí ar fáil do thoircheas géarchéime. Íoctar

timpeall is 30% d'eagraíochtaí tráchtála ar nós ghníomhaireachtaí fógraíochta, nó d'institiúid acadúla a dhéanann tionscnaimh thaighde. Dáiltear an chuid eile de mhaoiniú na Gníomhaireachta ar chostais riaracháin. Caithfidh an Ghníomhaireacht a chinntiú go mbíonn sí iomlán freagrach as an mhaoiniú seo, idir an dóigh a ndáiltear an t-airgeadh ar ghrúpaí áirithe agus an dóigh an n-úsáideann na heagraíochtaí an t-airgead a ndáiltear orthu.

Tionscadail le haghaidh Athruithe

1. Bheith ar an eolas faoi threoirlínte agus rialacha soláthraithe poiblí agus iad a chur i bhfeidhm go dian ar chonarthaí a dhéantar ar bhonn tráchtála.
2. Monatóireacht a dhéanamh ar chleachtas i gcoibhneas le conarthaí tráchtála trí mheascán de dhóigheanna áirithe, ina measc siúd, athbhreithniú idirmheánach, ceangal rialta le conraitheoirí agus athbhreithniú idirmheánacha iniúchaithe.
3. Maoiniú a dháileadh agus a bhainistiú tríd an Chlár Maoinithe de réir Chritéir Mhaoinithe na Gníomhaireachta, Téarmaí agus Coinníollacha.
4. Leanúint leis an athbhreithniú ar an chostas riaracháin i gcoibhneas le soláthar seirbhíse lena chinntiú go mbíonn siad réasúnta.

Buiséad

Maoinítear an Ghníomhaireacht trí dheontais bhliantúla ón Rialtas, tríd an Roinn Sláinte agus Leanaí, mar a mhol Coiste Uilepháirtí an Rialtais ar Shláinte agus Leanaí. Cuirtear an maoiniú seo ar fáil de réir na soláthar a leagadh síos san Ionstraim Reachtúil dá bhunú, a deir go: "bhfuil cead ag an Aire deontas nó deontais a íoc, ó mhaoiniú a chuireann An tOireachtas ar fáil, leis an Ghníomhaireacht gach bliain, de mhéid a shocróidh An tAire féin".

Fuair an Ghníomhaireacht €8.762 milliún le tacú le cur i bhfeidhm na gcuspóirí a leagadh amach sa Phlean Seirbhíse do 2007. Leanfaidh an Ghníomhaireacht den obair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun an leibhéal seo maoinithe a choinneáil nó a mhéadú leis na Tosaíochtaí aitheanta taobh istigh den Straitéis a chur i gcrích, ach chomh maith leis sin beidh sé tiomnaithe ar luach airgid a chur ar fáil maidir le feidhmiú ghnó na Gníomhaireachta.

Aguisíní

Aguisíní

Aguisín I

Bord na Gníomhaireachta

Rialaíonn Bord neamhspleách an Ghníomhaireacht, ata ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Ceapadh an Bord reatha Nollaig 2006. Roghnaíodh ballraíocht an Bhoird as Ranna an Rialtais, príomharaíonachta sláinte ábhartha agus ionadaithe ón ghnáthphobal. Féach ar Aguisín II le haghaidh líosta reatha Bhaill an Bhoird.

Coiste Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta

Tá Stiúrthóir agus foireann sinsear bainistíochta sa choiste Feidhmiúcháin a dtugann foireann riaracháin, chumarsáide, taighde, pholasaí agus chur chun cinn sláinte. Tá an clár oibre roinnte i gceithre príomh ábhair:

- Clár maoiniúcháin.
- Clár cumarsáide, eolais, agus cur chun chinn sláinte.
- Clár taighde agus polasaí
- Riarachán.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht an struchtúr eagraíochta chun cinntiú go bhfuil sé ailínithe leis an Straitéise agus le bearta bliantúla gnó.

Comhairliúcháin agus Comhpháirtíocht

Soláthraíonn Ionstraim Reachtúil na Gníomhaireachta bunú Coiste Comhairliúcháin de cheathrar dhuine's fichid a bhaineann úsáid as saineolas na n-eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla éagsúla. Is í feidhm an Choiste Comhairliúcháin.. "comhairle a thabhairt don Gníomhaireacht maidir le (a) ábhar ar bith a bhaineann le toircheas géarchéime de réir mar a chuireann an Ghníomhaireacht dó agus (b) ábhar ar bith eile faoi théarmaí tagartha na Gníomhaireachta".

Tugann an Choiste Comhairliúcháin sainchomhairle do Bhord na Gníomhaireachta agus is fóram é d'eagraíochtaí a bhfuil suim acu in obair na Gníomhaireachta chun a gcuid tuairimí a léiriú. Aontaítear plean oibre leis an choiste gach aon bhliain. Féach ar Aguisín IIIle haghaidh liosta reatha Ballraíochta.

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta bheith ag obair le réimse forleathan comhlachtaí deonacha agus reachtúla chun cuspóirí dúshlánacha a bhaint amach de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis. Go dtí seo, chuidigh na soláthreoirí seirbhísí a mhaoinigh an Ghníomhaireacht agus na sainghrúpaí ar fhrithghiniúint, ar thuismitheoireacht agus ar ógánaí go mór leis an Ghníomhaireacht ar chur chuige. Leanfar úsáid na socruithe céanna amach anseo.

Le linn na chéad Straitéis, d'fhorbair an Ghníomhaireacht cineálacha le bheith ag obair go héifeachtach i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí ábharthachta eile chun taighde a dhéanamh, chun tionscadail mhaoinithe a sheachadadh, agus i bhforbairt feachtas agus acmhainní cumarsáide. Tugann na Pleananna Bliantúla Seirbhíse atá tiomanta ag an Ghníomhaireacht, a thacaíonn an Straitéis, deis don Ghníomhaireacht scrúdú a dhéanamh ar an dóigh is fearr ar féidir socruithe comhpháirtíochta a bhaint amach i roll amach na gclár gach aon bhliain.

Aguisín II

Bord na Gníomhaireachta

Katharine Bulbulia, Cathaoirleach

Maureen Bohan, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Helen Faughnan, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Peter Finnegan, Fear Gnó

Cllr. Sally-Ann Flanagan

An Dr. Anne Flood, Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte

Fergal Goodman, An Roinn Sláinte agus Leanaí

Rosemary Grant, Otharlann Chom na mBan

Geraldine Luddy, Comhairle Sláinte na mBan

Aguisín III:

An Coiste Comhairliúcháin

Baill an Choiste Comhairliúcháin don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime mar atá ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí

Cathaoirleach: Geraldine Luddy, Stiúrthóir, Comhairle Sláinte na mBan, agus Ball an Bhoird, An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Baill: Louise Graham, Comhordaitheoir Náisiúnta agus ionadaí Cura

Karen Dent, ball agus ionadaí Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí Iarbhunscoile

An tUrramach Bruce Pierce, ionadaí Easpaig Eaglais na hÉireann

Margot Doherty, Leas POF agus ionadaí Treoir

Catherine Duffy, Speisialtóir Náisiúnta Pleanála, Cúram Príomhúil, FSS Iarthar agus ionadaí Fheidhmeannach na Seirbhísí Sláinte

Rhonda Donaghy, Cathaoirleach, Comhdháil Choiste na mBan agus Ionadaí Chomhdháil na gCeardchunann

Rosie Toner, Stiúrthóir Comhairleoireachta agus ionadaí IFPA

Kay Garvey, Banaltra agus ionadaí Chumann Altraí na hÉireann

Julie Kerins, Oibrí Sóisialta Sinsear, Cúnamh agus ionadaí Chomhairle na hÉireann um Gníomhaireachtaí Uchtála

Sherie de Burgh, Stiúrthóir Comhairleoireachta agus ionadaí One Family

Ursula Byrne, Oifigeach Oideachais agus ionadaí An Bhord Altranais

Alison Begas, Príomhfheidmeannach agus ionadaí Dublin Well Woman

Dr Naoimh Kenny, Leas Stiúrthóir, Clár Shláinte na mBan, agus ionadaí Coláiste Dhochtúirí Ginearálta na hÉireann

Rosaleen McDonagh, Oifigeach Tionscadail, Pavee Point agus ionadaí an Lucht Taistil

Salome Mbugua, Stiúrthóir Náisiúnta, Akidwa, agus ionadaí naisiúnaithe neamh Éireannacha

Ionadaí daoine atá faoi mhíchumais - Folamh

Noelle Shannon, ainmní an Taoisigh

Sunniva McDonagh, Ard Chomhairle agus ionadaí Chomhdháil Easpagach na hÉireann

Frances Shearer, Comhordaitheoir Náisiúnta RSE agus ionadaí an earnáil oideachais

Aguisín IV

Fochoiste Straitéise

Bunaíodh an fochoiste seo Nollaig 2006 chun ceannaireacht a dhéanamh ar Straitéis na Gníomhaireachta do 2007 - 2111

Katharine Bulbulia (Cathaoirleach an Fhochoiste agus Cathaoirleach an Bhoird

Fergal Goodman (Ball an Bhoird)

Helen Faughnan (Ball an Bhoird)

Maureen Bohan (Ball an Bhoird)

Peter Finnegan (Ball an Bhoird)

Thug Feidhmeannach na Gníomhaireachta tacaíocht don fhochoiste

Caroline Spillane, (Stiúrthóir)

Dr. Stephanie O'Keeffe (Bainisteoir Taighde agus Polasaí)

Fiona Larthwell (Bainisteoir Riaracháin)

Enda Saul (Bainisteoir na gClár agus Cumarsáide)

Tacaíocht Riaracháin Lynn Dowing

Aguisín V

Foireann na Gníomhaireachta

Caroline Spillane, Stiúrthóir

Dr. Stephanie O'Keeffe, Bainisteoir Taighde agus Polasaí

Fiona Larthwell, Bainisteoir Riaracháin

Enda Saul, Bainisteoir na gClár agus Cumarsáide

Aoife Kelly, Oifigeach Riaracháin

Orla McGowan, Oifigeach Oideachais & Eolais

Tracy Richardson, Oifigeach na gClár agus Cumarsáide

Sarah Ryan, Oifigeach Maoiniúcháin

Mary Smith, Oifigeach Taighde

Oifigeach Polasaí agus Gnóthaí Poiblí (folamh)

Lynn Dowling, Cúntóir Riaracháin

Sarah Moran, Cúntóir na gClár agus Cumarsáide

Maeve O'Brien, Cúntóir Taighde

Grace Hillis, Fáilteoir & Cúntóir Pearsanta an Stiúrthóra

Trish Wallace, Cuntais / Cléireach na hOifige

Aguisín VI

Cód Eitice don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime

Is é cuspóir an Chóid Eitice seo na prionsabail a chur in iúl a threoraíonn cinnteoireacht na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime i bhfianaise a freagrachtaí dá réimsí éagsúla freastail. Déanfar treorú leis na prionsabail seo ar na cinntí a dhéanfar maidir le forbairt, maoiniú agus tacú tionscadal agus maidir le taighde na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (lena náirítear an taighde dá dtugann sí maoiniú). Beidh na prionsabail ina gcuid de na téarmaí tagartha nuair a bheidh tograí maoiniúcháin á meas.

Seo a leanas mar a ghníomhóidh an Ghníomhaireacht, ina cur chuige i dtaobh a cuid oibre féin, agus i dtaobh acu le hobair eagraíochtaí eile:

1. beidh meas aici agus beidh sí neamhbhreithiúnach maidir leis na roghanna a dhéanann mná a bhíonn ag tabhairt aghaidh ar thoircheas géarchéime
2. beidh meas aici i dtaobh neamhspleáchas mná agus i dtaobh a ceart chun príobháideachais (laistigh de shrianta an dlí)
3. beith á stiúrú ag taighde iontaofa agus ag deachleachtais ngach réimse dár gcuid oibre
4. déanfaidh sí iarracht a cuid oibre a dhéanamh i gcomhar le gníomhaireachtaí eile atá ag obair sa réimse céanna
5. féachfaidh sí le polasaithe a chur chun cinn atá measúil maidir leis an taithí éagsúil agus leis na tuairimí éagsúla a bhíonn ann i dtaobh na saincheiste sin
6. beidh sí tacúil le gníomhaireachtaí
    - a bhaineann úsáid as cur chuige gairmiúil chun comhairleoireacht, oideachas agus eolas a chur ar fáil don phobal
    - a thugann gach eolas dá gcliaint maidir le héiteas a n-eagraíochta
    - a chuireann cinnteoireacht ar an eolas chun cinn chun saincheisteanna a bhaineann le toirchis ghéarchéime agus le hábhair ghaolmhara sláinte gnéis a réiteach
    - a bhaineann úsáid as taighde iontaofa agus as

modhanna freagracha faireacháin agus meastóireachta chun cuntasacht agus deachleachtais a chinntiú

- a bhíonn ag obair chun cothromas rochtana agus ardchaighdeáin a chur chun cinn dá gcliaint
- a chuireann eolas iomchuí ar fail nuair nach mbíonn an t-eolas nó an tseirbhís a theastaíonn ón chliant ar fáil uathu féin

Aguisín VII

Próiseas Comhairliúcháin

Bhí an Próiseas Comhairliúcháin ar súil le linn na tréimhse Márta go Meitheamh 2007. Rinneadh an Comhairliúcháin trí chruinnithe aonair, dhíospóireachtaí grúpaí agus chomhrá teileafón. Rinne an Ghníomhaireacht anailís ar na saincheisteanna a d'éirigh as an phróiseas comhairliúcháin agus cuireadh i ngrúpaí de réir téama. Léirítear na téama ar éirigh sa roinn darb ainm' Athruithe a rachaidh i bhfeidhm ar an Straitéis Nua', rud a chuir tionchar ar fhorbairt Seacht dTosaíocht Straiteiseacha de chuid na Gníomhaireachta.

Grúpaí ar Cuireadh Cuireadh leo chun Comhairliúcháin

- Bord na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime
- Coiste Comhairliúcháin na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime
- Feidhmeannach agus Foireann na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime
- Painéal tagartha na n-Óg (Oifig an Aire Leanaí)
- Grúpa tagartha na n-Óg (The Zone Youth Café, Tallacht Youth Service)
- Painéal iléarnála tagartha ina n-áirítear daoine aonair ó araíonachtaí spóirt, proifisiúnta, meán cumarsáide, fiontraíochta, taighde mhargaidh na mac léinn agus fógraíochta
- Soláthreoirí seirbhísí comhairliúcháin toircheas géarchéime a bhí maoinaithe ag an Stát: Ballinasloe Crisis Pregnancy Support Service, Cura, Dublin Well Woman, Irish Family Planning Association, Kerry Crisis Pregnancy Counselling Service, Life Pregnancy Care Service, Mayo Crisis Pregnancy Support Service, Midlands Crisis Pregnancy Counselling Service, One Family, Pact, Sexual Health Centre - Cork, West Cork Crisis Pregnancy Counselling Service, Youth Health Service - Cork and Treoir (the national federation of services for unmarried parents and their children)

Daoine Aonair ar Cuireadh Cuireadh leo chun Comhairliúcháin

- An Roinn Sláinte agus Leanaí: Cúram Príomhúil agus Cuimsiú Sóisialta
- Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte: Cúram Príomhúil; Dul chun Cinn Sláinte: Meabhairshláinte; Cuimsiú Sóisialta
- Oifig an Aire Leanaí
- Oifig Cuimsiú Sóisialta
- An Bord um Taighde Sláinte
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta-(Oideachas agus Caidrimh Sóisialta, Phearsanta agus Sláinte agus Seirbhísí Tacaíochta Oideachas Ghnéasachta)
- An Bord Uchtála
- An Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh
- An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
- An Fóram Náisiúnta, Eacnamaíoch agus Sóisialta
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Bunleibhéal
- Idirghréasán Éigeandála um Éigniú na hÉireann
- Aontas na Mac Léinn Dara Leibhéal
- An Comhlacht Éireannach um Chruáil ar Leanaí a Chosc
- Coláiste Dhochtúirí Ginearálta na hÉireann
- An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta
- Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
- Aonad na Mac Léinn in Éirinn
- An Cumann Gairmoideachais in Éirinn
- Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
- An tAonad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmíochta